Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Treochlár Náisiúnta na hÉireann um Chosc ar Dhramhbhia

## 2023-2025



Arna ullmhú ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
**www.gov.ie**

# Clár ábhar


| | | |
|---|---|---|
| **Brollach ón Aire Stáit le freagracht as Soláthar Poiblí, r-Rialtas agus Geilleagar Ciorclach** | | 2 |
| **Brollach ón Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara** | | 3 |
| **1** | Réamhrá agus Príomhghníomhartha an Treochláir | 5 |
| **2** | Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 12 ó na Náisiúin Aontaithe – Tiomantas na hÉireann | 11 |
| **3** | Comhthéacs AE, Socrú Spriocanna, Sonraí Bonnlíne agus Tuairisciú | 12 |
| **4** | An Treochlár | 13 |
| **5** | Obair le Comhsprioc agus Sprioc Choiteann againn | 17 |
| **6** | Geall, Tomhais agus Laghdaigh – Conas is Féidir Leat Páirt a Ghlacadh ann? | 18 |
| **7** | Cá bhfuilimid anois? | 19 |
| **8** | Tomhas agus Tuairisciú Dramhbhia | 22 |
| **9** | An Chairt Dramhbhia | 25 |
| **10** | Bronnadh Bia – Athdháileadh | 27 |
| **11** | Leithscaradh Dramhbhia | 30 |
| **12** | Cumarsáid, Oideachas agus Feasacht | 32 |
| **13** | Taighde agus Nuálaíocht | 34 |
| **14** | Soláthar Poiblí Glas | 36 |
| **15** | Faireachán, Meastóireacht, Athbhreithniú agus Comhroinnt Eolais | 37 |
| **Aguisín 1 – Gníomhartha Tosaíochta don chéad tréimhse Treochlár** | | 40 |
| **Aguisín 2: An Beartas Tacaíochta agus an Comhthéacs Reachtach** | | 45 |
| **Aguisín 3: Tuilleadh Faisnéise – Príomhearnálacha** | | 50 |

# Brollach ón Aire Stáit le freagracht as Soláthar Poiblí, r-Rialtas agus Geilleagar Ciorclach

Teastaíonn acmhainní luachmhara chun bia a tháirgeadh. Ní hamháin gur cur amú airgid é an bia a tháirgimid agus a cheannaímid a chur amú ach is míbhainistiú acmhainní luachmhara é in am nuair is gá dúinn go léir iarracht chomhbheartaithe a dhéanamh ár n-acmhainní a chosaint agus a úsáid go ciallmhar. Rud tábhachtach, baineann idir 8-10 faoin gcéad de na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ar domhan le bia nach n-itear.

Tá an Rialtas tiomanta cheana féin don gheilleagar ciorclach a bhaint amach in Éirinn, rud a bhfuil sé i gceist leis aistriú chuig patrún táirgthe agus tomhaltais níos inbhuanaithe. Tá dul i ngleic le cur amú bia ar cheann de na príomhbhearta is féidir linn go léir a dhéanamh le linn an aistir sin a chabhróidh linn inbhuanaitheacht a bhaint amach, cabhrú le dul i ngleic leis an athrú aeráide, agus tacú lenár n-aistriú chuig geilleagar ciorclach.

Tá Éire tiomanta do chur amú bia a laghdú faoi 50% faoi 2030 – ag teacht le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. Is beart lárnach é an Treochlár Náisiúnta seo um Chosc ar Dhramhbhia chun ár n-iarrachtaí a stiúradh i dtreo an sprioc sin a bhaint amach. Leagtar amach ann comhthéacs an dramhbhia in Éirinn, bunaithe ar na sonraí is déanaí atá ar fáil, agus leagtar amach ann gníomhartha tosaíochta chun an díriú ar chosc ar dhramhbhia, i measc príomhearnálacha sa slabhra soláthair bia, a thabhairt le chéile ar bhealach comhleanúnach.

Sa Treochlár seo, tugtar aghaidh ar roinnt príomhréimsí nach mór dúinn a fhorbairt chun sinn a chur ar an mbealach ceart chun cur amú bia a laghdú ar bhealach fiúntach láidir. Áirítear leis sin, mar shampla, sonraí bonnlíne náisiúnta a bhunú faoi dhramhbhia óna mbainfimid laghdú 50% amach faoi 2030. Beidh sé sin bunaithe ar fhorbairtí ar leibhéal an Aontais Eorpaigh (AE) maidir le spriocanna laghdaithe dramhbhia a shocrú.

Ní mór dúinn tomhas agus tuairisciú dramhbhia a bhunú agus a fheabhsú i bpríomhearnálacha ionas gur féidir linn a shainaithint cé na réimsí ina dtarlaíonn fadhbanna, réitigh oiriúnacha a shainaithint agus faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo spriocanna a bhaint amach maidir le dramhbhia a laghdú. I measc na bpríomhchodanna eile den Treochlár seo tá gníomh lena dtacaítear le bia barrachais a dheonú agus a athdháileadh, agus lena gcuirtear leithscaradh ceart dramhbhia chun cinn, rud a chuideoidh le hiompraíochtaí as a dtagann giniúint dramhbhia a shainaithint agus a athrú ar an gcéad dul síos.

Leanfaidh cumarsáid, oideachas agus múscailt feasachta ar dhramhbhia de ról ríthábhachtach a imirt, ionas gur féidir cosc an dramhbhia a neadú in iompraíocht laethúil na sochaí agus na bpríomhearnálacha. Bainfear úsáid as sásraí taighde atá ar fáil ionas gur féidir linn réitigh nuálacha ionchasacha a fhiosrú chun dul i ngleic le dramhbhia. Beidh ról ceannaireachta ag an earnáil phoiblí freisin trí chleachtais fheabhsaithe soláthair as a dtiocfaidh laghdú ar dhramhbhia.

Táim ag tnúth le bheith ag obair le príomh-gheallsealbhóirí ar bhealach comhoibritheach comhchoiteann chun na gníomhartha atá leagtha amach sa Treochlár seo a chur chun feidhme agus freastal ar an dúshlán a bhaineann lenár gcaillteanas bia agus ár ndramhbhia a laghdú. Cabhróidh sé sin linn dul chun cinn suntasach a dhéanamh maidir lenár gcuspóirí aeráide agus geilleagair chiorclaigh a bhaint amach.



**Ossian Smyth, TD**

*Aire Stáit le freagracht as Soláthar Poiblí, r-Rialtas agus Geilleagar Ciorclach*

# Brollach ón Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara

Mar Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, cuirim fáilte roimh fhoilsiú an Treochláir seo um Chosc ar Dhramhbhia. Tá freagracht shonrach ar mo Roinnse as Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 12.3 ó na Náisiúin Aontaithe a bhfuil sé mar aidhm aici, faoi 2030, an dramhbhia domhanda in aghaidh an duine a laghdú faoina leath ar leibhéil an mhiondíola agus an tomhaltóra agus chun caillteanais bia feadh slabhraí táirgeachta agus soláthair a laghdú, lena n-áirítear caillteanais iarfhómhair.

Comhlíonann an foilseachán seo gealltanas, atá ar áireamh sa straitéis deich mbliana don earnáil agraibhia, mar atá Fís don Bhia 2030, maidir le hoibriú le geallsealbhóirí chun an treochlár a tháirgeadh mar chuid dár sprioc chun Earnáil an Agraibhia a neadú sa Bhithgheilleagar Ciorclach Athghiniúnach faoi Mhisean 1: Earnáil Agraibhia atá Cliste ó thaobh na hAeráide de agus atá Inbhuanaithe ó thaobh an Chomhshaoil de.

Is straitéis thábhachtach é an Treochlár chun cabhrú le gach geallsealbhóir san earnáil agraibhia, lena n-áirítear miondíoltóirí, seirbhísí bia, ionadaithe tomhaltóirí, agus táirgeoirí príomhúla a bheith rannpháirteach i gcomhiarrachtaí a bhfuil mar aidhm leo dramhbhia agus caillteanas bia a laghdú.

Nuair a chuirtear bia amú, ní hé an bia féin amháin a théann amú: áirítear le caillteanais eile an t-am, an fuinneamh agus na hacmhainní a úsáidtear chun é a tháirgeadh chomh maith leis na hacmhainní a úsáidtear chun an bia a phróiseáil, a iompar, a stóráil, a dhíol agus a cheannach. Bíonn tionchar ag dramhbhia ar ár lorg carbóin freisin: trí dhramhbhia a laghdú, laghdóimid ár n-astaíochtaí gáis ceaptha teasa.

Mar a aithnítear sa Treochlár agus i bhFís don Bhia 2030, tá gá le tionscnaimh oideachais agus feasachta chun athrú iompraíochta a chur i bhfeidhm agus beidh siad sin ag teastáil feadh an tslabhra soláthair agraibhia má táimid chun ár spriocanna laghdaithe dramhbhia a bhaint amach. Tá gníomhartha comhoibríocha beartaithe sa Treochlár freisin chun cabhrú lena chinntiú go bhfuil cruinneas agus comhsheasmhacht ann maidir le dramhbhia a thomhas ar fud an tslabhra soláthair. Aithnítear freisin an tábhacht a bhaineann le bia barrachais a dheonú nuair is cuí.

Is acmhainn an-luachmhar é bia. Nuair a laghdaíonn ár ndramhbhia, agus nuair a chuidímid lenár bpríomhtháirgeoirí agus lenár bpróiseálaithe a bheith níos inmharthana agus níos athléimní, léirímid ár meas ar an obair chrua a rinneadh chun an bia sin a tháirgeadh.

Leanfaidh mo Roinn ag obair i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maidir le dramhbhia agus caillteanas bia a laghdú tríd an Treochlár seo a chur chun feidhme, lena n-áirítear idirchaidreamh maidir le tionscnaimh bhithgheilleagair, d'fhonn ár sprioc laghdaithe maidir le dramhbhia agus caillteanas bia a bhaint amach.



**Charlie McConalogue, TD**
*An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara*

*Tá dul i ngleic le caillteanas bia agus dramhbhia ar cheann de na príomhbhearta is féidir linn a dhéanamh chun inbhuanaitheacht a bhaint amach, chun cabhrú le dul i ngleic leis an athrú aeráide agus chun tacú le haistriú na hÉireann chuig geilleagar ciorclach agus bithgheilleagar.*

# 1 Réamhrá agus Príomhghníomhartha an Treochláir

Fadhb dhomhanda a bhfuil iarmhairtí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha aici is ea dramhbhia. Úsáidtear méid suntasach acmhainní chun bia a fhás, a phróiseáil, a iompar agus a stóráil. Meastar go mbaineann 8-10 faoin gcéad de na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ar domhan le bia nach gcaitear. Ar fud an domhain, cuirtear níos mó ná an ceathrú cuid de bhia a tháirgtear amú.

Tá dul i ngleic le caillteanas bia agus dramhbhia ar cheann de na príomhbhearta is féidir linn a dhéanamh chun inbhuanaitheacht a bhaint amach, chun cabhrú le dul i ngleic leis an athrú aeráide agus chun tacú le haistriú na hÉireann chuig geilleagar ciorclach agus bithgheilleagar. Tugann laghdú ar dhramhbhia coigilteas do thomhaltóirí agus d'oibreoirí, agus tá gné shóisialta thábhachtach freisin ag aisghabháil agus athdháileadh bia barrachais a chuirfí amú ar shlí eile maidir le bia sábháilte a sholáthar dóibh siúd atá i ngátar. De réir sonraí[1] foilsithe, bhí bochtaineacht bia ag 8.9% den daonra in Éirinn in 2021. Is féidir le hathdháileadh bia barrachais cabhrú le dul i ngleic le bochtaineacht bia. Ceanglaíonn dul i ngleic le dramhbhia freisin le beartais maidir le cothaithigh agus amhábhair thánaisteacha a aisghabháil, le táirgeadh beatha, le sábháilteacht bia, leis an mbithéagsúlacht, leis an mbithgheilleagar, le bainistíocht dramhaíola agus le fuinneamh in-athnuaite.

Is féidir le dramhbhia tarlú ag pointe ar bith feadh an tslabhra soláthair bia, ó tháirgeadh príomhúil (e.g., damáiste do bharra bainte), próiseáil agus déantúsaíocht (e.g., dramhaíl a eascraíonn as próisis rialaithe cáilíochta), miondíol agus dáileadh (e.g., stoc nár díoladh), bialanna agus seirbhísí bia (e.g., bia nach n-itheann custaiméirí) agus teaghlaigh (e.g., bia ceannaithe nach gcaitear in am)[2]. Is féidir le giniúint dramhbhia teacht chun cinn mar gheall ar roinnt cúiseanna éagsúla i ngach earnáil agus d'fhéadfadh go mbeadh réitigh éagsúla ag teastáil, ag brath ar an earnáil.

Dar leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA), ghin Éire thart ar 770,316 thona dramhbhia in 2020. Tagann thart ar 31% den iomlán ó theaghlaigh, tagann 29% ón earnáil próiseála agus déantúsaíochta, agus tagann an chuid eile ó bhialanna agus seirbhísí bia (23%), ó tháirgeadh príomhúil (9%), agus ó mhiondíol agus dáileadh eile bia (8%).

[1] https://www.gov.ie/en/press-release/919b8-minister-obrien-welcomes-publication-of-the-report-on-food-poverty-government-programmes-schemes-and-supports/

[2] Féach Aguisín 3 chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi gach ceann de na príomhearnálacha.

## Caillteanas Bia agus Dramhbhia

Tá difríochtaí ann idir an cur chuige maidir leis an méid a mheastar a bheith ina chaillteanas bia agus ina dhramhbhia i gcomhthéacs ghealltanas Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 12.3 ó na Náisiúin Aontaithe agus reachtaíocht dramhaíola AE.

### Caillteanas Bia

Dar le hEagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe* is éard is caillteanas bia ann an laghdú ar chainníocht nó cáilíocht an bhia a eascraíonn as cinntí agus gníomhartha na soláthraithe bia sa slabhra, gan miondíoltóirí, soláthraithe seirbhíse bia agus tomhaltóirí a áireamh.

Léirítear i dTreoir ó AE** nach n-úsáidtear coincheap an chaillteanais bia mar a cuireadh i láthair thuas i reachtaíocht AE sa bhrí chéanna. Tá an bia ar fad a chaitear amach mar dhramhaíl clúdaithe in AE go simplí mar dhramhbhia, agus úsáidtear coincheap an chaillteanais bia in áit cur síos a dhéanamh ar chaillteanas bia i dtáirgeadh príomhúil (e.g., caillteanais réamhfhómhair), atá eisiata ó raon feidhme na Creat-Treorach Dramhaíola.

### Dramhbhia

Dar le Creat Dramhaíola AE, ciallaíonn 'dramhbhia' an bia ar fad mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ndearnadh dramhaíl de.

I gCinneadh Tarmligthe (AE) 2019/1597 ón gCoimisiún, sonraítear go gcuimsíonn an sainmhíniú ar bhia bia ina iomláine, feadh an tslabhra soláthair bia ar fad ó tháirgeadh go dtí go n-itear é. Cuimsíonn bia codanna inite freisin, áit nach raibh siad sin scartha ó na codanna inite nuair a táirgeadh an bia, cosúil le cnámha ceangailte le feoil a bhí i ndán do thomhaltas an duine. Dá réir sin, is féidir le dramhbhia a bheith comhdhéanta d'earraí lena n-áirítear codanna de bhia a bheartaítear a ionghabháil agus codanna de bhia nach bhfuil beartaithe a ionghabháil.


Sonraítear sa Chinneadh freisin nach n-áirítear le dramhabhia na caillteanais ag céimeanna den slabhra soláthair bia nuair nach bhfuil táirgí áirithe tagtha chun bheith ina mbia go fóill mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, amhail plandaí inite nár baineadh go fóill. Ina theannta sin, ní chuimsíonn sé fotháirgí ó tháirgeadh bia a chomhlíonann na critéir atá leagtha amach in Airteagal 5(1) de Threoir 2008/98/CE, ós rud é nach dramhaíl iad na fotháirgí sin.

Luaitear sa Treoir ó AE maidir le tuairisciú a dhéanamh ar shonraí faoi dhramhbhia agus cosc ar dhramhbhia gurb é atá i ndramhbhia ná aon bhia atá tagtha chun bheith ina dhramhaíl faoi na coinníollacha seo:

*1. Tá sé tar éis dul isteach sa slabhra soláthair bia;*
*2. Baineadh nó caitheadh amach as slabhra an tsoláthair bia é ansin nó ag an gcéim tomhaltais deiridh;*
*3. tá sé le próiseáil sa deireadh mar dhramhaíl.*

*http://www.fao.org/platform-food-loss-waste/en/

**https://ec.europa.eu/eurostat/documents/342366/351811/Guidance+on+food+waste+reporting/5581b0a2-b09e-adc0-4e0a-b20062dfe564




Fíor 1 – Ordlathas Dramhbhia[3]

Chun cineálacha cur chuige geilleagair chiorclaigh agus bithgheilleagair a úsáid, agus chun an t-ordlathas dramhaíola a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar dhramhbhia, teastaíonn cur chuige straitéiseach comhoibríoch chun réitigh a aimsiú ar fud an chórais bia ar fad seachas leanúint ar aghaidh ag feidhmiú laistigh de shlabhraí aonair, soláthair línigh agus tomhaltais. I gcomhréir leis an ordlathas dramhbhia (féach Fíor 1, mar shampla), is é an tosaíocht is mó ó thaobh Straitéis Náisiúnta um Chosc ar Dhramhbhia d'Éirinn ná dramhbhia a chosc.

Tá Éire tiomanta do dhramhbhia a laghdú faoi 50% faoin mbliain 2030 – ar aon dul le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. Is céim lárnach í forbairt an chéad Treochláir Náisiúnta um Chosc ar Dhramhbhia a chabhróidh lenár n-iarrachtaí a stiúradh i dtreo na sprice sin. Leagtar amach roinnt gníomhartha tosaíochta chun an díriú ar chosc dramhbhia a thabhairt, thar phríomhearnálacha sa slabhra soláthair bia, le chéile ar bhealach comhleanúnach. Maidir le freagrachtaí as príomhearnálacha a eascraíonn as an Treochlár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhbhia, tá an chéad Treochlár seo ag díriú ar chur chuige deonach[4], go háirithe maidir le dramhbhia a thomhas agus a thuairisciú. Déanfar athbhreithniú ar éifeachtacht an chuir chuige sin, agus cuirfidh príomhfhorbairtí idir an gearrthéarma agus an meántéarma, amhail an dul chun cinn maidir le spriocanna AE a leagan síos chun dramhbhia a laghdú, sonraí bonnlíne na hÉireann a bhunú, agus forbairtí maidir le tomhas agus tuairisciú dramhbhia, bonn eolais faoi ghníomhartha breise dírithe ar chosc dramhbhia amach anseo.

[3] https://food.ec.europa.eu/safety/food-waste/eu-actions-against-food-waste/food-waste-measurement_en
[4] Amhail an cur chuige éifeachtach a bunaíodh faoin gCairt Dramhbhia

## Príomhghníomhartha Tosaíochta don chéad Treochlár 2023-2025[5]

### Rialáil

- Bonn reachtúil a bhunú chun an Straitéis Náisiúnta um Chosc ar Dhramhbhia (Treochlár) a ullmhú, a athrú chun dáta agus a athbhreithniú – an tAcht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022.
- Dul i mbun próisis tar éis togra ón gCoimisiún maidir le Sprioc Laghduithe Dramhbhia AE.
- Dul i mbun próisis maidir le togra ón gCoimisiún maidir le rialacha athbhreithnithe maidir le Marcáil Dátaí faoin Rialachán maidir le Faisnéis Bhia do Thomhaltóirí.

### Tomhas agus Tuairisciú Dramhbhia

- Oibleagáidí tuairiscithe bhliantúil a chomhlíonadh maidir le sonraí dramhbhia a thuairisciú d'AE.
- Na staitisticí náisiúnta dramhbhia agus an mhodheolaíocht tuairiscithe chun sonraí dramhbhia a bhailiú, a bhailíochtú agus a thuairisciú a fhoilsiú chun tuairisciú a dhéanamh ar staitisticí oifigiúla na hÉireann maidir le dramhbhia agus leis an dul chun cinn a dhéantar maidir le dramhbhia a laghdú.
- Tacar sonraí bonnlíne dramhbhia a bhunú atá nasctha le sprioc laghdaithe dramhbhia 2030.
- Úsáid agus comhtháthú phrótacal caighdeánach náisiúnta tomhais dramhbhia EPA a chur chun cinn lena n-úsáid i bpríomhearnálacha trí na nithe seo:
  - » Idirchaidreamh leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, le comhlachtaí ábhartha agus le grúpaí oibre (e.g., a bhaineann le Fís don Bhia 2030 a chur chun feidhme)
  - » Rannpháirtíocht sa Chlár Origin Green
  - » Idirchaidreamh le Grúpa Forfheidhmithe an Bheartais Bithgheilleagair
  - » Idirchaidreamh leis an nGrúpa Gníomhaíochta athghníomhachtaithe um an Earnáil Miondíola
  - » Idirchaidreamh le Comhlachtaí Ionadaíocha Earnála

### Cairt Dramhbhia

- Cairt Dramhbhia athbhreithnithe a sheoladh.
- An Chairt Dramhbhia a leathnú chuig gnólachtaí slabhra soláthair bia chun comhaontú tionscail a bhunú maidir le dramhbhia a chosc.
- Eolas a thógáil agus acmhainn a fhorbairt maidir le dhramhbhia a thomhas agus a chosc i ngnólachtaí earnála bia.
- Grúpa Gníomhaíochta um an gCairt Dramhbhia a bhunú le grúpaí oibre fo-earnála chun aghaidh a thabhairt le chéile ar dhramhbhia a thomhas agus a laghdú sa slabhra soláthair bia.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an chuir chuige dheonaigh maidir le dramhbhia a thomhas agus a thuairisciú chun a chinneadh an bhfuil gá le ceanglais éigeantacha a leagan síos maidir le tomhas agus tuairisciú nó nach bhfuil.
- Staidéir a shainaithint agus a sheoladh chun bonn fianaise a thógáil le haghaidh gníomhartha um chosc ar dhramhbhia i ngnólachtaí earnála bia.

### Bronnadh Bia – Athdháileadh

- Imscrúdú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag toirmeasc ar bhia inite a scriosadh roimh an dáta faoinar cheart é a úsáid.
- Imscrúdú a dhéanamh ar na constaicí rialála agus dlíthiúla ar ghníomhartha deonaithe 'Samáraigh Mhaith' agus an laghdódh bronnadh éigeantach bia inite ó asraonta miondíola dramhbhia nó nach laghdódh.
- Trí Chairt Dramhbhia EPA a úsáid, tacú le sprioc dheonach le miondíoltóirí agus leis an tionscal próiseála le haghaidh céatadán de bhia inite a bhronnadh.
- Scrúdú a dhéanamh ar roghanna lena dtacaítear le méadú suntasach ar acmhainn agus scála na hearnála athdháilte bia barrachais (e.g., san earnáil carthanas).
- Tacú le tionscnaimh athdháilte bia barrachais lena n-áirítear athdháileadh bia barrachais a eascraíonn as earnálacha amhail an earnáil miondíola agus an earnáil táirgthe phríomhúil. Gníomhaíochtaí athdháilte bia

[5] Féach Aguisín 1 chun tuilleadh sonraí a fháil

## Príomhghníomhartha Tosaíochta don chéad Treochlár 2023-2025

barrachais ar féidir leo dul i ngleic tuilleadh le bochtaineacht bia a shainaithint agus tacú leo sin.
- Tacú le fiontair shóisialta agus tionscnaimh phobalbhunaithe a chuireann an t-athdháileadh bia barrachais chun cinn.
- Feasacht a ardú ar athdháileadh agus deonú bia, lena n-áirítear úsáid a bhaint as ardáin teicneolaíochta atá dírithe ar thomhaltóirí agus gnólachtaí áitiúla a éascaíonn athdháileadh agus deonú bia. Cur i láthair don Fhóram Miondíola.
- Is féidir oibriú le príomhearnálacha (e.g., an earnáil táirgthe phríomhúil agus an earnáil miondíola) chun scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir dramhbhia mar gheall ar ghnéithe a bhaineann le sonraíocht táirgí (e.g., torthaí agus glasraí míchumtha) a sheachaint.

### Leithscaradh Dramhbhia

- Praghsáil dhreasaithe a thabhairt isteach maidir le dramhaíl Tráchtála chun tacú le méadú ar leithscaradh dramhaíola.
- An soláthar araidí dramhaíola orgánaí a dhéanamh ina éigeantas de sheirbhís bailithe dramhaíola do gach teaghlach.
- An soláthar araidí dramhbhia cistine (trí fheachtais MyWaste.ie) a chur i bhfeidhm do shealbhóirí tí a bhfuil seirbhís bailithe araidí dramhaíola orgánaí acu cheana féin.

### Cumarsáid, Oideachas agus Feasacht

- Plean uileghabhálach cumarsáide agus feasachta a ullmhú maidir le cosc ar dhramhbhia a bhaineann le soláthar an Treochláir.
- Gníomhaíochtaí Cumarsáide agus Feasachta Dramhbhia a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear an Lá Náisiúnta um Dhramhbhia a Stopadh an 1 Márta.
- Gníomhaíochtaí Feasachta ar Dhramhbhia a Athchúrsáil a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear an tSeachtain Náisiúnta bhliantúil um Dhramhbhia a Athchúrsáil.
- Tacaíochtaí oideachais agus oiliúna a aithint d'eagraíochtaí (e.g., próiseálaithe bia, fáilteachas agus seirbhísí bia) ar féidir leo tomhas láidir dramhbhia agus gníomhaíochtaí láidre coiscthe a chuimsiú.

### Taighde agus Nuálaíocht

- Cistiú a chur ar fáil le haghaidh taighde, trialacha agus taispeántais ar thopaicí dramhbhia (e.g., trí Chláir Thaighde de chuid EPA agus na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara, Cistiú Fiontraíochta Glaise, Scéim Deontas Nuálaíochta don Gheilleagar Ciorclach, an Ciste Nuálaíochta agus Forbartha Tuaithe).
- Bailiúchán de thaighde, nuálaíocht, trialacha agus taispeántas atá ann cheana agus críochnaithe maidir le cosc ar dhramhbhia a ullmhú.
- Clár Topaicí Tosaíochta Taighde agus Nuálaíochta a bhunú maidir le Caillteanas Bia agus Dramhbhia.

### Soláthar Poiblí Glas

- Beartas um Sholáthar Poiblí Glas a athrú chun dáta lena n-áirítear scrúdú a dhéanamh ar conas is féidir cosc dramhbhia a neartú tuilleadh sa rialtas agus san earnáil phoiblí.

### Faireachán, Meastóireacht, Athbhreithniú agus Comhroinnt Eolais

- Tascfhórsa um Chosc ar Dhramhbhia agus grúpaí fo-earnála a bhunú.
- Fóram maidir le Dramhbhia a Chomhordú
- Páirt a ghlacadh in obair Ardán AE maidir le Caillteanas Bia agus Dramhbhia agus i bhfoghrúpaí gaolmhara.
- An t-eolas is deireanaí ar dhramhbhia a sholáthar gach bliain (trí thuairisciú EPA ar staitisticí náisiúnta dramhaíola) chun dul chun cinn an tionchair atá ag Clár Náisiúnta na hÉireann um Chosc ar Dhramhbhia, agus an dul chun cinn ar spriocanna laghdaithe dramhbhia na hÉireann a bhaint amach, a rianú.
- Spriocanna eatramhacha le haghaidh dramhbhia a laghdú a leagan síos faoi dheireadh na chéad tréimhse Treochláir lena gcur ar áireamh sa chéad Treochlár eile.
- Tabhairt faoi athbhreithniú bliantúil ar an Treochlár um Chosc ar Dhramhbhia.

*Tá Éire tiomanta do dhramhbhia a laghdú faoi 50% faoin mbliain 2030 – ar aon dul le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.*

# 2 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 12 ó na Náisiúin Aontaithe – Tiomantas na hÉireann

Leagtar béim ar an bpráinn agus ar an dúshlán a bhaineann le dul i ngleic le dramhbhia ar leibhéal idirnáisiúnta trí Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) na Náisiún Aontaithe. In 2015, ghlac Ballstáit na Náisiún Aontaithe 'Transforming Our World', Clár Oibre 2030 um Fhorbairt Inbhuanaithe. Tá na 17 SFI ina gcuid lárnach de i gClár Oibre 2030. Tá roinnt fospriocanna ag gach ceann de na spriocanna maidir le 169 sprioc san iomlán ar fud na 17 sprioc, a chlúdaíonn trí ghné d'fhorbairt inbhuanaithe: fás geilleagrach, cuimsiú sóisialta agus cosaint an chomhshaoil.

Le Sprioc 12 de SFInna na Náisiún Aontaithe, déileáiltear le tomhaltas agus táirgeadh freagrach agus tá an sprioc seo leagtha síos ag Sprioc 12.3: 'faoi 2030, dramhbhia domhanda a laghdú faoina leath in aghaidh an duine ar leibhéil an mhiondíola agus an tomhaltóra agus caillteanais bhia feadh slabhraí táirgeachta agus soláthair a laghdú, lena n-áirítear caillteanais iarfhómhair.'

Leagtar amach faisnéis nuashonraithe maidir leis an tuairisciú ar dhul chun cinn maidir le spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach sa Dara Plean Náisiúnta Forfheidhmithe in Éirinn do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2022-2024[6].

[6] https://www.gov.ie/en/policy-information/ff4201-17-sustainable-development-goals/?referrer=http://www.gov.ie/sdgs/

# 3 Comhthéacs AE, Socrú Spriocanna, Sonraí Bonnlíne agus Tuairisciú

Tá AE tiomanta do Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 12.3 a bhaint amach[7]. Tá an próiseas ar bun ar leibhéal AE maidir le spriocanna a shocrú chun dramhbhia a laghdú ar fud AE agus táthar ag súil go mbeidh togra reachtach ón gCoimisiún ann sa 2ú Ráithe de 2023. Ceanglaítear ar Bhallstáit AE sonraí a bhailiú maidir le dramhbhia a gineadh sa bhliain 2020 chun tuairisciú don Choimisiún faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2022 agus gach bliain ina dhiaidh sin. Cuirfear sonraí a thuairiscíonn na Ballstáit san áireamh mar chuid den phróiseas chun spriocanna laghduithe a leagan síos. Tá oibleagáidí bliantúla tuairiscithe dramhbhia AE in Éirinn á gcomhlíonadh ag EPA[8].

Chun cabhrú lena chinntiú go bhfuil Éire ar an gconair cheart chun a sprioc laghdaithe dramhbhia 50% a bhaint amach faoi 2030, leagfaimid síos spriocanna eatramhacha. Mar sin féin, murach bonnlíne bhunaithe a nascann le sprioc laghdaithe 2030 50%, bheadh sé deacair spriocanna láidre eatramhacha a shocrú. Soláthróidh tacar sonraí bonnlíne cuí agus bliain bhonnlíne chun oibriú as bonn fianaise soiléir chun cabhrú le gníomhartha spriocdhírithe a aithint agus dul chun cinn a thomhas i dtreo sprioc laghdaithe dramhbhia 2030 a chomhlíonadh. Cuirfidh socrú bhliain thagartha bhonnlíne na hÉireann san áireamh tacar sonraí dramhbhia na hÉireann do 2020 a thuairiscigh EPA don Choimisiún in 2022, agus forbairtí ar leibhéal AE maidir le spriocanna laghduithe a shocrú.

Cuirfidh toradh phróiseas AE maidir le spriocanna laghduithe a shocrú, tuairisciú ar shonraí dramhbhia chun ceanglais AE a chomhlíonadh, agus cuirfidh bunú na bonnlíne bonn eolais faoi spriocanna eatramhacha a leagan síos lena gcur ar áireamh sa chéad Treochlár eile.

[7] https://food.ec.europa.eu/safety/food-waste/eu-actions-against-food-waste_en

[8] Tá staitisticí oifigiúla dramhaíola na hÉireann ar fáil ar acmhainn ghréasáin Náisiúnta Staidrimh Dramhaíola EPA www.epa.ie/nationalwastestatistic

# 4 An Treochlár

Gealltar i *bPlean Gníomhaíochta Dramhaíola na hÉireann do Gheilleagar Ciorclach – Beartas Náisiúnta Dramhaíola na hÉireann 2020-2025*, a foilsíodh i Meán Fómhair 2020[9], go bhforbrófar Treochlár um Chosc ar Dhramhbhia ina liostaítear sraith gníomhartha atá dírithe ar na laghduithe is gá a dhéanamh chun ár ndramhbhia a laghdú faoi 2030, aon spriocanna gaolmhara eile a chomhlíonadh, agus ár n-aistriú chuig geilleagar ciorclach a chur chun cinn. Tá an gealltanas sin ar áireamh freisin i bhFís don Bhia 2030[10] agus sa Phlean Gnímh don Aeráid ó Rialtas na hÉireann[11].

Foráiltear leis an Acht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022 ("an tAcht"), an bonn reachtúil chun an straitéis náisiúnta um chosc ar dhramhbhia a ullmhú (ar a dtabharfar "an treochlár náisiúnta um chosc ar dhramhbhia"). Ceanglaítear an reachtaíocht go n-ullmhófar an treochlár náisiúnta um chosc ar dhramhbhia uair amháin ar a laghad gach trí bliana. Agus an straitéis náisiúnta um chosc ar dhramhbhia á hullmhú aige, cuirfidh an tAire san áireamh, i measc nithe eile, an Straitéis don Gheilleagar Ciorclach atá le hullmhú agus le déanamh de réir alt 7 den Acht. Tar éis fhoilsiú na Straitéise don Gheilleagar Ciorclach de réir alt 7 den Acht, cuirfear tús le halt 15 den Acht agus déanfar an chéad Treochlár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhbhia (a bheidh ar an gcéad straitéis reachtúil náisiúnta um chosc ar dhramhbhia) a ullmhú agus a fhoilsiú ar bhonn reachtúil.

Leagtar amach sa chéad Treochlár neamhreachtúil Náisiúnta seo um Chosc ar Dhramhbhia an comhthéacs maidir le dramhbhia, mar aon le tiomantas foriomlán na hÉireann do dhramhbhia a laghdú, agus soláthraítear ann an chonair chun cabhrú le sprioc na hÉireann arb é atá inti dramhbhia a laghdú faoi 50% faoin mbliain 2030. Cé gur Treochlár neamhreachtúil é seo, ba bhonn eolais faoin Treochlár é breithniú mionsonraithe ar phríomhghnéithe a bhaineann le dramhbhia, agus comhairliúchán le raon geallsealbhóirí, lenar áiríodh comhairliúchán poiblí ar dhréacht-Treochlár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhbhia go luath in 2022. Beidh leaganacha amach anseo den Treochlár bunaithe ar phríomhfhorbairtí idir an gearrthéarma agus an meántéarma, amhail an dul chun cinn maidir le spriocanna AE a leagan síos chun dramhbhia a laghdú, sonraí bonnlíne na hÉireann a bhunú, agus forbairtí maidir le dramhbhia a thomhas agus a thuairisciú.

Áirítear leis an Treochlár seo:

- Comhthéacs maidir le dramhbhia agus cad iad na comhpháirteanna den slabhra soláthair bia atá ar áireamh sa Treochlár;
- Conas a bhunóidh Éire a sonraí bonnlíne náisiúnta maidir le dramhbhia as a mbainfimid laghdú 50% amach faoi 2030;
- An cur chuige maidir le garspriocanna agus spriocanna eatramhacha ar an mbealach chuig an sprioc 2030 sin;
- Conas a chinnteoimid go mbunófar córas láidir náisiúnta maidir le dramhbhia a thomhas agus a thuairisciú d'fhonn oibleagáidí tuairiscithe na hÉireann a chomhlíonadh agus faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na hÉireann i gcomhlíonadh a gealltanais sna Náisiúin Aontaithe agus in AE sna deich mbliana amach romhainn;
- Gealltanas go n-oibreofaí le chéile, tomhas dramhbhia a fheabhsú, agus príomhghníomhartha tosaíochta a shainaithint agus a chur i bhfeidhm feadh an tslabhra soláthair bia chun cabhrú le gealltanais na hÉireann maidir le caillteanas bia agus cosc ar dhramhbhia a chomhlíonadh;
- An cur chuige maidir le leithscaradh dramhbhia, bronnadh agus athdháileadh bia, ról an taighde agus na nuálaíochta, agus soláthar poiblí glas maidir le cosc ar dhramhbhia;
- Gealltanas go soláthrófaí cumarsáid agus feasacht leanúnach maidir le dramhbhia a chosc agus a leithscaradh;
- Conas a bhunóimid creat faireacháin agus meastóireachta chun an dul chun cinn ar na príomhghníomhaíochtaí a sheiceáil agus an Treochlár a nuashonrú dá réir.

[9] https://www.gov.ie/en/publication/4221c-waste-action-plan-for-a-circular-economy/
[10] https://www.gov.ie/en/publication/c73a3-food-vision-2030-a-world-leader-in-sustainable-food-systems/
[11] https://www.gov.ie/en/publication/6223e-climate-action-plan-2021/

Is í an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) an phríomh-Roinn Rialtais maidir le Treochlár Náisiúnta na hÉireann um Chosc ar Dhramhbhia a fhorbairt, agus i gcomhordú agus athbhreithniú a dhéanamh ar a chur chun feidhme. Is í an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) an phríomh-Roinn Rialtais le haghaidh SFI 12.3 ó na Náisiúin Aontaithe. Gheall an dá Roinn go n-oibreodh siad i ndlúthchomhar lena chéile chun tabhairt faoi laghduithe uaillmhianacha i gcaillteanas bia agus i ndramhbhia, rud a chuirfeadh go héifeachtach le cur chun feidhme an Treochláir. Beidh ról lárnach oibríochtúil ag EPA maidir le cur chun feidhme na bpríomhghníomhartha sa Treochlár a chur chun cinn, go háirithe i gcomhthéacs a fhreagrachta leanúnaí maidir le Clár Náisiúnta na hÉireann um Chosc ar Dhramhbhia agus tuairisciú bliantúil ar staitisticí náisiúnta dramhbhia na hÉireann a sholáthar.

Tá gach céim feadh an tslabhra[12] soláthair ar áireamh i dTreochlár Náisiúnta na hÉireann um Chosc ar Dhramhbhia, mar a leanas:

- Táirgeadh Príomhúil;
- Próiseáil agus Déantúsaíocht,
- Miondíol agus dáileadh eile bia;
- Bialanna agus Seirbhísí Bia;
- Teaghlaigh.

Maidir leis an sprioclaghdú 50% dá dtagraítear in SFI 12.3 ó na Náisiúin Aontaithe, tá sé mar aidhm ag an sprioc 'dramhbhia domhanda in aghaidh an duine a laghdú faoina leath ar leibhéil an mhiondíola agus an tomhaltóra'. Mar a luadh cheana. tá an Coimisiún Eorpach ag déanamh measúnú faoi láthair ar roghanna beartais maidir le spriocanna laghduithe dramhbhia AE don bhliain 2030, lena n-áirítear scóip agus foirm na sprice. Beidh toradh an phróisis sin mar bhonn eolais faoi nuashonruithe ar an Treochlár[13] amach anseo.

I measc na mbeart um Chosc ar Dhramhbhia atá geallta cheana féin sa *Phlean Gníomhaíochta Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach* tá:

- Leanúint le hacmhainní a ghealladh go náisiúnta chun dramhbhia a chosc agus chun na cleachtais bailithe agus cóireála dramhbhia is fearr a rialáil;
- Trínár ngníomhaireachtaí agus trínár gcomhpháirtithe san earnáil phoiblí, tacú le treoirthionscadail nuálacha chun réitigh a thriail ar chuid de na dúshláin a bhaineann le dramhbhia a chosc;
- Obair leis an earnáil phoiblí agus le speisialtóirí soláthair phoiblí chun a chinntiú go dtacaítear le comhlachtaí poiblí ina n-iarrachtaí dramhbhia a chosc agus dramhaíl dhosheachanta a bhainistiú trí sholáthar poiblí glas;
- Obair go dlúth le RTBM chun laghduithe uaillmhianacha dramhbhia agus bearta eile a shaothrú lena gcuirtear le slabhra bia inbhuanaithe san Earnáil Agraibhia;
- Obair le RTBM chun cuspóirí ábhartha na Straitéise 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' ó AE a shaothrú agus chun cuspóirí ábhartha ár Straitéise Náisiúnta um Fhorbairt na hEarnála Bia Orgánaigh 2019-2025 a shaothrú;
- Obair le príomhearnálacha gnó chun a chinntiú go ndéanann siad a gcion sa dramhaíl a thagann chun cinn ag an bpointe díola a laghdú agus sa dramhaíl chomhthaobhach a tharlaíonn níos ísle síos agus níos airde suas an slabhra bia ar fheirmeacha a laghdú, i dtáirgeadh bia agus inár dtithe araon;
- Obair leis an nGrúpa Gníomhaíochta um an Earnáil Mhiondíola maidir le dramhbhia a chosc sa slabhra soláthair;
- Tacú le dearadh agus cur i bhfeidhm a dhéanamh ar phacáistíocht arna forbairt ag miondíoltóirí agus an tionscal pacáistíochta lena bhfreastalaítear ar riachtanais chaomhnaithe bia gan giniúint dramhaíola pacáistíochta a spreagadh, go háirithe pacáistiú plaisteach[14];
- Obair le miondíoltóirí chun deireadh a chur le díol pacáistí ilcheannaigh chun rócheannach ag tomhaltóirí a chosc.

---

[12] Maidir le freagrachtaí as na hearnálacha a eascraíonn as an Treochlár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhbhia, tá an chéad Treochlár seo ag díriú ar chur chuige deonach, go háirithe maidir le dramhbhia a thomhas agus a thuairisciú. Déanfar athbhreithniú ar éifeachtacht an chuir chuige sin roimh dheireadh thréimhse an Treochláir chun a chinneadh an bhfuil gá le riachtanais éigeantacha a leagan síos maidir le tomhas agus tuairisciú nó nach bhfuil.

[13] Féach: https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13223-Food-waste-reduction-targets_en

[14] Maidir le bearta dramhaíola plaistigh agus pacáistíochta, geallann WAPCE freisin go ndéanfadh sé feasacht tomhaltóirí a ardú maidir leis na buntáistí a bhaineann le húsáid coimeádán in-athúsáidte agus oibriú le miondíoltóirí chun soláthar roghanna athlíonta a spreagadh.

Mar a leagtar amach i *bPlean Gníomhaíochta Dramhaíola na hÉireann do Gheilleagar Ciorclach*, leanfaimid orainn ag cur acmhainní ar fáil go náisiúnta chun dramhbhia a chosc. Maidir le foinsí cistiúcháin chun tacú le tionscnaimh um chosc ar dhramhbhia mar chuid de chur chun feidhme an Treochláir, déanfar an Ciste um an nGeilleagar Ciorclach a bhunófar faoin Acht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022, a mheas chun na gcríoch sin. Beidh sruthanna maoinithe eile ar fáil freisin le haghaidh gníomhaíochtaí áirithe lena n-áirítear, mar shampla, taighde agus nuálaíocht (féach Rannán 13).

Neartóidh an Treochlár seo an Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhbhia atá faoi stiúir EPA (mar chuid den Chlár Náisiúnta um an nGeilleagar Ciorclach) maidir lena shroicheadh a scálú, tionchar agus éifeachtacht an chláir a thomhas agus a chinntiú go leanfaidh sé de ról lárnach a imirt maidir le spriocanna um chosc dramhbhia a bhaint amach.

Leagtar amach in Aguisín 1 den Treochlár seo na gníomhartha tosaíochta atá le déanamh le linn na chéad tréimhse Treochláir, na príomheagraíochtaí a bhfuil baint acu lena seachadadh, agus an amlíne lena gcur chun feidhme. Leagtar amach in Aguisín 2 an beartas tacaíochta agus an comhthéacs reachtach agus tugtar tuilleadh faisnéise in Aguisín 3 faoi phríomhearnálacha feadh an tslabhra soláthair bia.

*Bíonn ról le himirt ag gach eagraíocht, gach gnólacht, gach teaghlach agus gach duine aonair.*

# 5 Obair le Comhsprioc agus Sprioc Choiteann againn

Bíonn ról le himirt ag gach eagraíocht, gach gnólacht, gach teaghlach agus gach duine aonair. Cur chuige comhbheartaithe ar fud na ngeallsealbhóirí go léir – Ranna Rialtais, eagraíochtaí ar fud na hearnála poiblí, gnólachtaí, comhlachtaí tionscail agus ionadaíocha, an lucht léinn agus an pobal taighde, eagraíochtaí pobail, fiontair shóisialta, eagraíochtaí tarrthála bia, teaghlaigh agus daoine aonair – beidh sé ríthábhachtach chun cabhrú le soláthar Threochlár Náisiúnta na hÉireann um Chosc ar Dhramhbhia a bhrú chun cinn. Beidh tábhacht freisin le bheith ag obair le chéile laistigh d'earnálacha agus ar fud earnálacha chun díriú ar shaincheisteanna coiteanna, chun bealaí nua smaointeoireachta a thabhairt isteach, agus chun oideachas a chur faoi shaincheisteanna i gcodanna difriúla den slabhra soláthair.

Caithfimid leanúint ar aghaidh ag tógáil ar an obair agus an nuálaíocht um dhramhbhia a chosc atá ag tarlú in Éirinn cheana féin. Ní mór dúinn cur le cur chuige comhtháite agus glacadh leis, áit a ndéanaimid na nithe seo:

- *comhoibriú* chun spriocanna coiteanna a bhaint amach
- *nuáil* chun réitigh nua a aimsiú agus an bealach a dhéanaimid rudaí a athrú
- eolas agus sonraí a *chomhroinnt* ionas go mbeidh eolas níos fearr againn chun cinntí a dhéanamh

Ní mór do gach earnáil a gcuid dramhbhia a thomhas chun a shainaithint cén bia atá á chur amú agus cá bhfuil sí á cur amú, agus is gá dóibh réitigh a chur chun feidhme, trí chosc dramhaíola agus trí athdháileadh bia. Breithneofar spriocanna chun feabhas a bhrú chun cinn. Beidh comhoibriú tábhachtach freisin chun cabhrú lena chinntiú go bhfuil cruinneas agus comhsheasmhacht tomhais ann ar fud an tslabhra soláthair agus, dá bhrí sin, beidh ar earnálacha obair le chéile nuair is cuí.

Tar éis tacar sonraí bonnlíne a bhunú, oibreoidh EPA le tacaíocht ó RCAC agus RTBM le príomh-gheallsealbhóirí chun gníomhartha níos spriocdhírithe a aithint chun dramhbhia a thomhas agus a laghdú i ngach céim den slabhra soláthair bia agus lena rannchuideofar le sprioc 2030 arb é atá inti laghdú 50% a bhaint amach.

Cuid de dhíriú chur chun feidhme an Treochláir is ea cur chuige earnála a bhrú chun cinn, agus ceanglais oiliúna agus tacaíochta a shainaithint agus réitigh a thaispeáint, agus daoine eile á spreagadh chun gnímh. Díreoidh an ghníomhaíocht freisin ar an idirghníomhaíocht agus an t-idirnasc idir na céimeanna éagsúla den slabhra soláthair chun iarracht a dhéanamh dramhbhia réamhtheachtach agus iartheachtach a chosc ar an deis is luaithe. Cabhróidh sé seo le cur chuige córas a spreagadh ar fud an tslabhra soláthair agus chun cuspóir coiteann a chinntiú.

Beidh ról lárnach freisin ag ról na dtionscnamh pobalbhunaithe agus na líonraí pobalbhunaithe a thacaíonn le cosc ar dhramhbhia agus le tionscnaimh éifeachtúlachta acmhainní, gheilleagair chiorclaigh agus bhithgheilleagair a fhorbairt ar an leibhéal áitiúil agus an leibhéal náisiúnta araon i soláthar an Treochláir. Cuimsíonn tionscnaimh amhail an Clár Gníomhaithe Pobail ar son na hAeráide[15] €60 milliún ón gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide a infheistíodh i dtionscadail agus tionscnaimh phobail um ghníomhú ar son na haeráide, chomh maith le forbairt acmhainne. Sa Chlár Gníomhaithe ar son na hAeráide Pobail (Snáithe 2) – Oideachas Aeráide, Forbairt Acmhainne agus Foghlaim trí Dhéanamh, cuireadh Bia agus Dramhaíl ar áireamh mar cheann dá théamaí[16]. Trí scéimeanna den sórt sin, agus tríd an Scéim Deontais Nuálaíochta don Gheilleagar Ciorclach, faoi stiúir RCAC, leanfaimid ar aghaidh ag cur tacaíocht ar fáil do thionscnaimh gheilleagair chiorclaigh, go háirithe iad sin atá faoi stiúir ag an bpobal nó ag eagraíochtaí deonacha.

Tá ról luachmhar ag eagraíochtaí amhail Líonra Acmhainní Pobail Éireann (CRNI) i dtionscnaimh éifeachtúlachta acmhainní agus gheilleagair chiorclaigh a fhorbairt ar an leibhéal áitiúil agus an leibhéal náisiúnta araon agus ag tacú le pobail maireachtáil ar bhealach níos inbhuanaithe. Leanfaidh eagraíochtaí den sórt sin de bheith ina gceannairí tábhachtacha san aistriú chuig geilleagar ciorclach agus ag rannchuidiú le cur chun feidhme an Treochláir Náisiúnta um Chosc ar Dhramhbhia.

15 https://www.gov.ie/en/publication/de5d3-climate-action-fund/

16 https://www.pobal.ie/programmes/community-climate-action-programme-climate-education-capacity-building-and-learning-by-doing-strand-2/

# 6 Geall, Tomhais agus Laghdaigh – Conas is Féidir Leat Páirt a Ghlacadh ann?

Chun cabhrú le caillteanas bia agus dramhbhia a chosc, agus chun ár sprioc laghduithe 50% a bhaint amach faoi 2030:

- Ní mór do gach earnáil a gcion féin a dhéanamh maidir le gealltanas a thabhairt go laghdófaí caillteanas bia (nuair is infheidhme) agus dramhbhia, ar aon dul le gealltanas na hÉireann;
- Mar thosaíocht, ní mór dúinn ár gcaillteanas bia agus dramhbhia a thomhas d'fhonn gníomhartha spriocdhírithe a shainaithint chun caillteanas bia agus dramhbhia a laghdú;
- Ní mór dúinn gníomhartha a chur chun feidhme chun ár gcaillteanas bia agus dramhbhia a laghdú, nuair is féidir.

Tá sé tábhachtach go gcinnteodh gach earnáil a bhfuil baint acu le táirgeadh agus soláthar bia agus dí go laghdófar caillteanas bia agus dramhbhia feadh an tslabhra soláthair bia.

## Earnálacha Gnó

Más gnólacht thú atá laistigh den earnáil déantúsaíochta agus próiseála, den earnáil miondíola nó dáileacháin nó den earnáil bialann agus seirbhísí bia, tacaigh le spriocanna an Treochláir trí do dhramhbhia a thomhas[17] agus a laghdú trí mhodheolaíocht chaighdeánach EPA a úsáid, agus trí chlárú leis an gCairt Dramhbhia, https://foodwastecharter.ie/

Gabh ort féin feasacht a ardú maidir le caillteanas bia agus dramhbhia agus do chuid eolais agus taithí a chomhroinnt.

## Táirgeoirí Bunaidh

Más táirgeoir bunaidh thú, tosaigh trí do chaillteanas bia agus dramhbhia a 'thomhas'[18] agus bíodh cleachtais éifeachtúla agat chun caillteanas bia agus dramhbhia a laghdú. Gabh ort féin feasacht a ardú maidir le caillteanas bia agus dramhbhia agus do chuid eolais agus taithí a chomhroinnt.

## Teaghlaigh

Mar shealbhóir tí, is féidir leat tacú leis na spriocanna laghduithe dramhbhia trí threoir agus leideanna maidir le cosc dramhbhia tí atá ar fáil tríd an bhfeachtas náisiúnta StopFoodWaste.ie (https://stopfoodwaste.ie/) a leanúint. Gabh ort féin feasacht a ardú maidir le caillteanas bia agus dramhbhia agus do chuid eolais agus taithí a chomhroinnt.

17 Féach Rannán 8 maidir le Tomhas agus Tuairisciú Dramhbhia.
18 Ibid

# 7 Cá Bhfuilimid Anois?


Tá Éire ag gníomhú cheana féin maidir le dramhbhia agus tá go leor taithí agus samplaí de dhea-chleachtas le taispeáint aici. Tríd an gClár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola (NWPP) atá faoi stiúir EPA, tá Éire ag obair ar thionscnaimh um chosc dramhaíola ó 2004 i leith, agus san am sin d'oibrigh EPA i gcomhpháirt le go leor geallsealbhóirí ar fud an tslabhra bia.

Sheol EPA Clár nua don Gheilleagar Ciorclach in 2021 ina gcuimsítear an NWPP agus is é sin an ní atá brú an aistrithe atá á dhéanamh ag gnólachtaí, sealbhóirí tí agus an earnáil phoiblí chuig geilleagar ciorclach in Éirinn[19].

Leis an Acht um Bainistiú Dramhaíola, ceanglaítear ar EPA clár sonrach um chosc dramhbhia a ghlacadh laistigh dá gcláir um chosc dramhaíola.

Go dtí seo, bhí béim láidir ag clár EPA um dhramhbhia a chosc ar theaghlaigh, go háirithe tríd an bhfeachtas um Dhramhbhia a Stopadh, agus ar mhiondíoltóirí trí na dlúthnaisc atá tógtha aige tríd an nGrúpa Gníomhaíochta san Earnáil Mhiondíola agus trí Chairt Dramhbhia a bhunú (féach Rannán 9). Tá obair in earnálacha eile cosúil le Bialanna agus Seirbhísí Bia agus an earnáil Próiseála agus Déantúsaíochta ag céim níos luaithe. Ní raibh ach díriú teoranta ag an gclár go dtí seo ar an earnáil Táirgthe Phríomhúil.

Léirítear sna meastacháin is déanaí a d'fhoilsigh EPA gur ghin Éire thart ar 770,316 thona dramhbhia in 2020[20]. Mar a léirítear i bhFíor 2, tagann 31% den iomlán ó theaghlaigh (241,048 dtona), tagann 29% ón earnáil phróiseála agus déantúsaíochta (219,543 thona), agus an chuid eile ag teacht ó bhialanna agus seirbhísí bia (178,507 dtona), táirgeadh príomhúil (70,413 thona), agus miondíol agus dáileadh (60,893 thona).




Foinse: EPA

Fíor 2: Tonnáiste measta dramhbhia a táirgeadh in Éirinn in 2020

[19] https://www.gov.ie/en/press-release/16a69-government-launches-irelands-first-whole-of-government-circular-economy-strategy/

[20] https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/waste/national-waste-statistics/EPA_Nat_Waste_Stats_Report_2019_web.pdf

Is ionann dramhbhia tí reatha agus thart ar an gceathrú milliún tona in aghaidh na bliana (múiríniú tí san áireamh). Caitheann an gnáth-theaghlach Éireannach 130 kg de dhramhbhia amach gach bliain, ar chostas thart ar €700[21]. Tá éiginnteacht mhór ann fós maidir le méideanna dramhbhia san earnáil próiseála agus déantúsaíochta, agus tabharfaidh EPA faoi anailís bhreise ar earnálacha, nuair is ábhartha.

Soláthraítear i dtionscadal taighde ar fhoilsigh EPA é le déanaí22 sonraí agus faisnéis maidir le cainníochtaí measta caillteanais bia agus dramhbhia a eascraíonn as táirgeadh príomhúil. Ba é an staidéar sin an chéad cheann dá leithéid in Éirinn, agus é ag iarraidh túsphointe a chruthú as ar féidir tosú ar chaillteanas bia agus dramhbhia ó tháirgeadh príomhúil a thuiscint agus a mhaolú. Tá na torthaí mar bhonn eolais faoi staitisticí dramhbhia a thuairisciú don Choimisiún Eorpach.

Cé go bhfuil éiginnteacht áirithe ann faoin dramhbhia a ghineann earnálacha áirithe (e.g., an earnáil próiseála agus déantúsaíochta), méadóidh na gníomhartha a eascraíonn as an Treochlár (e.g., tomhas agus tuairisciú dramhbhia) an t-eolas agus an tuiscint ar an méid a rannchuidíonn na hearnálacha sin leis agus a n-acmhainn chun caillteanas bia agus dramhbhia a laghdú, nuair is infheidhme.

[21] https://www.epa.ie/our-services/monitoring--assessment/waste/national-waste-statistics/food/

[22] https://www.epa.ie/publications/research/waste/Research_Report_410.pdf

*Chun dramhbhia a laghdú go héifeachtach, ní mór dúinn faireachán, tomhas agus tuairisciú ar dhramhbhia a fheabhsú ar fud gach earnála.*

# 8 Tomhas agus Tuairisciú Dramhbhia

Chun dramhbhia a laghdú go héifeachtach, ní mór dúinn faireachán, tomhas agus tuairisciú ar dhramhbhia a fheabhsú ar fud gach earnála.

Chun tuiscint a fháil ar an dul chun cinn atá á dhéanamh againn ar ár sprioc arb é atá inti laghdú 50% i ndramhbhia a bhaint amach faoin mbliain 2030, caithfear bonnlíne náisiúnta dramhbhia a nascann leis an sprioc laghdaithe sin a bhunú. Soláthróidh tacar sonraí bonnlíne cuí agus bliain bhonnlíne chun oibriú as bonn fianaise soiléir chun dul chun cinn a thomhas i dtreo bhaint amach na sprice náisiúnta le haghaidh laghdú 50% ar dhramhbhia faoi 2030. Cuirfidh sé fianaise ar fáil freisin maidir le gníomhartha agus straitéisí a thógáil agus cuirfidh sé bonn eolais faoi ghníomhartha níos spriocdhírithe is gá do gheallsealbhóirí a dhéanamh chun sprioc 2030 a bhaint amach.

Cuirfear san áireamh socrú bhliain thagartha bhonnlíne na hÉireann tacar sonraí dramhbhia na hÉireann do 2020, rud a thuairiscigh EPA in 2022, agus forbairtí ar leibhéal AE maidir le socrú spriocanna laghduithe. Faoi réir fhorbairtí AE, táthar ag súil faoi láthair go mbeadh 2020 ar an mbliain thagartha bunlíne d'Éirinn.

## Tuairisciú AE

Ceanglaítear le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Treoir Dramhaíola) 2020[23] ar EPA faireachán agus measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart náisiúnta um chosc ar dhramhbhia trí leibhéil an dramhbhia a ghineann earnálacha éagsúla a thomhas, de réir na modheolaíochta a bunaíodh le gníomh tarmligthe ó AE[24].

Ceanglaítear ar na Ballstáit sonraí maidir le dramhbhia a ghineadh in 2020 a bhailiú le tuairisciú don Choimisiún faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2022 agus gach bliain ina dhiaidh sin. Tá tuarascáil seiceála cáilíochta ag gabháil le sonraí, chun cabhrú le cáilíocht na sonraí a fhíorú agus chun feabhas a chur ar bhailiú sonraí amach anseo. Tá obair déanta ag EPA chun modheolaíochtaí tuairiscithe a bhunú do gach earnáil agus sonraí na bliana tagartha 2020 a fhorbairt de réir prótacail a bunaíodh an reachtaíocht.

Bunaíodh Ardán AE maidir le Caillteanas Bia agus Cur Amú Bia[25], atá tiomnaithe do chosc ar dhramhbhia, in 2016 chun institiúidí AE, saineolaithe ó thíortha AE, eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus geallsealbhóirí ábhartha a thabhairt le chéile, chun tacú le sprioc SDG 12.3 maidir le dramhbhia a bhaint amach. Tá sé mar aidhm ag an Ardán tacú le gach gníomhaí: a shainiú cé na bearta a theastaíonn chun dramhbhia a chosc; an dea-chleachtas a chomhroinnt; agus meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn arna dhéanamh le himeacht ama. Tháinig deireadh le céad sainordú an Ardáin i mí na Nollag 2021, agus athbhunaíodh é le haghaidh dara sainordú cúig bliana (2022-2026). Glacann Éire páirt in obair an ardáin.

Tacaíonn foghrúpa d'Ardán AE maidir le Caillteanas Bia agus Dramhbhia, atá tiomnaithe do shaincheist an chaillteanais bia agus an tomhais dramhaíola, le hobair an Choimisiúin sa réimse seo níos ginearálta agus éascaíonn sé comhroinnt taithí agus dea-chleachtais i measc bhaill an Ardáin. Tá foghrúpaí ann freisin atá tiomnaithe do ghníomhaíocht agus do chur chun feidhme, do mharcáil dáta, do bhronnadh bia agus do chosc ar dhramhbhia tomhaltóirí.

## Tuairisciú Earnála

Ba cheart do gach earnáil sa slabhra soláthair bia tomhas agus tuairisciú dramhbhia a shaothrú mar chuid dá n-oibríochtaí. Ba cheart do ghnólachtaí a gcuid dramhbhia a thomhas chun a shainaithint cén bia atá á chur amú agus ba cheart dóibh réitigh a chur chun feidhme, trí chosc dramhaíola agus trí athdháileadh bia barrachais.

Tá prótacail tomhais i bhfeidhm cheana féin nó á bhforbairt ag EPA d'earnálacha amhail Déantúsaíocht agus Próiseáil, Miondíol agus Dáileadh, agus Fáilteachas agus Seirbhísí Bia. Tá modheolaíocht tomhais chaighdeánaithe, lena ngabhann teimpléid ar fhorbair EPA iad agus a tástáladh laistigh de na hearnálacha ábhartha. Chomh maith leis an modheolaíocht, beidh creat tuairiscithe ag teastáil chun tacú le forbairt táscairí agus tagarmharcanna earnála atá comhsheasmhach le ceanglais tuairiscithe

[23] Rialacháin an Aontais Eorpaigh (an Treoir maidir le Dramhaíl), 2020 (Ionstraim Reachtúil Uimh. 323 de 2020)

[24] Ar bhonn na modheolaíochta a bunaíodh leis an ngníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 9(8) den Treoir maidir le Dramhaíl amhail ón gcéad bhliain féilire iomlán tar éis an gníomh tarmligthe sin a ghlacadh.

[25] https://ec.europa.eu/food/safety/food-waste/eu-actions-against-food-waste/eu-platform-food-losses-and-food-waste_en

AE freisin chun an acmhainn a fhorbairt le haghaidh tomhas dramhbhia agus laghdú dramhbhia. Cabhróidh tomhas feabhsaithe dramhbhia ar leibhéal an ghnólachta le sonraí náisiúnta dramhbhia a fheabhsú le haghaidh ceanglais tuairiscithe reachtacha, tacú le forbairt tagarmharcanna earnála agus dul chun cinn a rianú i dtreo spriocanna laghduithe.

Tá cás láidir gnó ann i bhfabhar na ngníomhartha sin, go háirithe maidir le tiomantas don inbhuanaitheacht agus don chomhshaol á léiriú. Leis an Treochlár sin, brúfar chun cinn an cur chuige earnála maidir le ceanglais oiliúna agus tacaíochta a aithint. Cuirfear prótacal tomhais náisiúnta EPA chun cinn mar uirlis chun cabhrú le gnólachtaí ceanglais a chomhlíonadh maidir le tomhas dramhbhia agus laghdú do scéimeanna deimhniúcháin agus creidiúnúcháin atá ann cheana (e.g., ISO 14001).

Breithneofar prótacail tomhais d'earnálacha eile, amhail táirgeadh príomhúil, mar chuid de chur chun feidhme an Treochláir. Mar shampla, tá ceanglais i bhfeidhm ag an earnáil gairneoireachta chun caillteanais barr agus dramhbhia a bhreithniú mar chuid de scéim inbhuanaithe dearbhaithe gairneoireachta[26].

Is comhaontú deonach é an Chairt Dramhbhia[27], atá faoi stiúir ag EPA agus a tugadh isteach in 2017 chun tacú le hidirchaidreamh maidir le dramhbhia, go príomha leis an earnáil grósaeireachta miondíola, lena n-áirítear tuairisciú agus tomhas. Leathnóidh EPA, le tacaíocht ó RCAC, an Chairt Dramhbhia chun príomhearnálacha eile den slabhra soláthair a chur san áireamh. Déanfar leasú ar an gCairt chun oibleagáidí sonracha tomhais agus tuairiscithe a chur ar áireamh do chomhaltaí na Cairte le gealltanais laghdaithe spriocbhunaithe. Tá tuilleadh faisnéise leagtha amach i Rannán 9.

Mar chuid de chur chuige na hÉireann maidir le tomhas agus tuairisciú dramhbhia, déanfaidh Éire, trí chlár um chosc dramhbhia agus tuairisciú ar staitisticí dramhaíola EPA, na nithe seo a leanas:

- Foilsiú a dhéanamh ar na staitisticí náisiúnta dramhbhia agus an mhodheolaíocht tuairiscithe chun sonraí dramhbhia a bhailiú, a bhailíochtú agus a thuairisciú chun críche tuairisciú a dhéanamh ar staitisticí oifigiúla na hÉireann maidir le dramhbhia agus ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ar dhramhbhia a laghdú.
- Faoi réir fhorbairtí AE, an tacar sonraí náisiúnta bonnlíne dramhbhia (a bhfuiltear ag súil leis a bheith ann don bhliain thagartha 2020) a mholadh laistigh de 12 mhí tar éis fhoilsiú an chéad Treochláir, mar aon le cur chuige a mholadh maidir le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar ár ndul chun cinn chun sprioc laghduithe 2030 a bhaint amach;
- Trí chur chuige earnála (e.g., trí chomhaontú deonach (Cairt Dramhbhia) agus an Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhbhia), sainaithint a dhéanamh ar na tacaíochtaí oiliúna d'eagraíochtaí chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí láidre tomhais agus tuairiscithe dramhbhia;
- Obair le príomheagraíochtaí earnála agus le príomhchláir earnála chun cabhrú lena chinntiú go ndéantar tomhais dramhbhia a chomhtháthú isteach i gcláir den sórt sin, nuair is ábhartha;
- Prótacal tomhais náisiúnta EPA a chur chun cinn mar uirlis chun cabhrú le gnólachtaí ceanglais a chomhlíonadh maidir le dramhbhia a thomhas agus a laghdú do scéimeanna deimhniúcháin agus creidiúnúcháin atá ann cheana;
- Maidir leis an earnáil táirgthe phríomhúil, dul i dteagmháil le príomh-Ranna Rialtais (e.g., RTBM), le heagraíochtaí agus le comhlachtaí ionadaíocha a bhfuil sé mar aidhm acu prótacal tomhais náisiúnta EPA a chomhtháthú isteach i scéimeanna agus cláir earnála agus tionscail atá ann cheana féin, nuair is cuí;
- An t-eolas is deireanaí a sholáthar gach bliain maidir le dramhbhia (trí thuairisciú náisiúnta staitisticí dramhaíola EPA) chun dul chun cinn an tionchair atá ag Clár Náisiúnta na hÉireann um Chosc ar Dhramhbhia, agus an dul chun cinn atá á dhéanamh ar spriocanna laghduithe dramhbhia na hÉireann a bhaint amach, a rianú.

[26] https://www.bordbia.ie/globalassets/bordbia.ie/farmers--growers/farmers/qas/document-libraries/shas-pdfs/sustainable-horticulture-assurance-scheme---producer-standard.pdf

[27] https://foodwastecharter.ie/

## Eolas a thógáil chun dramhbhia a laghdú

Tá sonraí láidre fiúntacha maidir le dramhbhia ina gcuid lárnach d'insint láidir a thógáil ar na buntáistí a bhaineann le dramhbhia a chosc agus chun cabhrú le ceanglais tuairiscithe a chomhlíonadh. Ní mór gníomhartha um chosc ar dhramhbhia a nascadh le tomhas comhsheasmhach chun feabhsuithe a rianú agus sonraí agus fianaise a sholáthar chun tacú le gníomhaíocht. Chun cáilíocht sonraí a fheabhsú, tá prótacal caighdeánach tomhais á fhorbairt ag EPA do ghnólachtaí san earnáil bia, atá ceaptha chun comhsheasmhacht a thabhairt trí chur chuige céimbhunaithe a leanúint.

Má thiomáintear laghdú dramhbhia ar fud an tslabhra luacha bia, beidh ar ghnólachtaí san earnáil bia gealltanas a thabhairt go ndéanfar dramhbhia a thomhas agus a thuairisciú ar bhealach soiléir comhsheasmhach. Bunaithe ar chaighdeáin tomhais a aithnítear ar fud an domhain, tá sé mar aidhm ag an *bPrótacal Tomhais Dramhbhia* don earnáil Déantúsaíochta Bia agus Dí tacú le gnólachtaí a gcuid sonraí atá ar fáil cheana féin a úsáid chun a bpríomhshruthanna dramhbhia a shainaithint agus a chainníochtú.

Leagfaidh sé sin an dúshraith ansin chun gníomhartha a mhapáil amach chun dramhbhia a laghdú de réir spriocanna réalaíocha intomhaiste.

Is leagan simplithe den mhodheolaíocht tomhais é an Chonair chuig Níos Lú Dramhbhia don earnáil Seirbhísí Bia atá ceaptha go sonrach don earnáil fáilteachais chun faisnéis atá ar fáil cheana féin a úsáid chun dramhbhia a mheas ar bhealach comhsheasmhach. Sula ndéantar cinneadh maidir le haon chúrsa gnímh, ní mór do ghnólachtaí a fháil amach cad é an dramhbhia atá ag teacht ón ngnólacht, cé as a bhfuil sé ag teacht agus cad is cúis leis. Tabharfaidh sé deis do na gnólachtaí sin feidhmíocht a rianú le himeacht ama freisin. Cabhróidh níos mó gnólachtaí a thomhaiseann dramhbhia go comhsheasmhach le meastacháin na sonraí náisiúnta dramhbhia a úsáidtear le haghaidh ceanglais tuairiscithe reachtaíochta AE a fheabhsú. Ceadóidh sé seo freisin tagarmharcanna agus táscairí earnála a fhorbairt, chomh maith le sonraí a sholáthar chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo spriocanna laghduithe a bhaint amach.







Is féidir na prótacail tomhais agus na leabhair oibre a bhaineann leo a fháil ar http://foodwastecharter.ie

# 9 An Chairt Dramhbhia

Má bhunaítear tiomantas tionscail chun tuairisciú sonraí agus laghdú spriocdhírithe ar dhramhbhia a fheabhsú ar fud an tslabhra soláthair, beidh ról lárnach aige i gcur chun feidhme an Treochláir chun braistint cuspóra choitinn a spreagadh agus an dea-chleachtas a chomhroinnt ar fud an tslabhra soláthair bia. Tarraingeoidh faireachán feabhsaithe ar leibhéil dramhbhia aird ar na costais a bhaineann le míbhainistiú bia, agus ina dhiaidh sin, gníomhaíocht phras i measc oibreoirí gnó chun é sin a laghdú.

Tá gníomhaíochtaí á gcur chun feidhme ag clár EPA um dhramhbhia a chosc chun athrú a bhrú chun cinn ar fud na fo-earnála miondíola, dáileacháin, próiseála agus déantúsaíochta, agus chun dramhbhia sna hearnálacha fáilteachais agus seirbhísí bia a laghdú, a bhfuil sé mar aidhm aige cabhrú leis an sprioc náisiúnta a chomhlíonadh. Mar a luadh i Rannán 8 thuas, áirítear le réimsí sonracha dírithe sa ghearrthéarma treoir agus modheolaíochtaí maidir le dramhbhia a thomhas agus a thuairisciú. Leanfaidh EPA ag tacú le forbairt acmhainne i ngnólachtaí san earnáil bia chun cáilíocht sonraí a fheabhsú le haghaidh tuairisciú náisiúnta agus tagarmharcanna a fhorbairt ar féidir le gnólachtaí a bhfeidhmíocht a mheas ina n-aghaidh.

Gníomh tosaíochta don chlár is ea tacú le tacar láidir sonraí a bhunú le haghaidh cainníochtaí dramhbhia ar fud an tslabhra soláthair bia, amhail miondíol, dáileadh, próiseáil agus déantúsaíocht, agus uirlisí agus acmhainní a fhorbairt chun uasoiliúint a dhéanamh ar chosc ar dhramhbhia. Soláthróidh sé sin bonnlíne fhónta as ar féidir feasacht agus idirghabhálacha a dhearadh agus a thomhas, lena n-áirítear spriocanna earnála a shainaithint le haghaidh laghdú dramhbhia 2030.

Is comhaontú deonach é an Chairt Dramhbhia, atá faoi stiúir ag EPA agus a tugadh isteach in 2017 chun tacú le hidirchaidreamh maidir le dramhbhia leis an earnáil grósaeireachta miondíola trí úsáid a bhaint as sraith prionsabal comhtháite. Leagtar amach sa Chairt prionsabail ghinearálta ceangailteacha maidir le tomhas feabhsaithe agus le dramhbhia a laghdú. Ó tugadh isteach é i leith, tá miondíoltóirí le EPA chun modheolaíocht tuairiscithe a fhorbairt agus a chomhaontú, córais intí a fhorbairt chun infhaighteacht sonraí a fheabhsú, agus tá béim mhéadaithe á leagan acu ar bhearta um chosc ar dhramhbhia.

Leathnóidh EPA, le tacaíocht ó RCAC, an Chairt Dramhbhia chun príomhearnálacha eile den slabhra soláthair a chur ar áireamh. Chun athrú a bhrú chun cinn ar fud mhórearnáil an tslabhra soláthair, déanfar leasú ar an gCairt chun oibleagáidí sonracha tomhais agus tuairiscithe a chur ar áireamh do chomhaltaí na Cairte le gealltanais laghduithe spriocbhunaithe. Leagfar amach sa chomhaontú leasaithe an fhís, na spriocanna, na torthaí, an bhonnlíne agus na gealltanais tuairiscithe bhliantúla.

Chun cur chuige córais a spreagadh ar fud an tslabhra soláthair agus chun braistint cuspóra choitinn a chinntiú, cuirfear Grúpa Gníomhaíochta ardleibhéil um an gCairt Dramhbhia ar bhun, agus grúpaí oibre fo-earnála nó topaice ann freisin. Oibreoidh EPA i gcomhpháirt le RCAC chun tacú le bunú na ngrúpaí sin, agus an plean chun Tascfhórsa náisiúnta um Chosc ar Dhramhbhia agus grúpaí fo-earnála a bhunú á chur san áireamh (féach freisin Rannán 15).

Beidh Téarmaí Tagartha soiléire a bheidh bunaithe ar thorthaí agus amchláraithe ag an nGrúpa Gníomhaíochta um an gCairt Dramhbhia lena sonraítear ról an ghrúpa, lena n-áirítear:

- Ionchur a sholáthar don Chairt athbhreithnithe;
- An Chairt a chur chun cinn agus tacú le cuspóirí Threochlár Náisiúnta an Rialtais um Chosc ar Dhramhbhia agus Clár Náisiúnta EPA um Chosc ar Dhramhbhia;
- Tacú le prótacal tomhais náisiúnta EPA a chur i bhfeidhm;
- An prótacal tomhais a chomhtháthú isteach i dtionscnaimh atá ann cheana;

- Gealltanas a thabhairt go soláthrófaí sonraí dramhbhia i bhformáid choiteann, agus úsáid á baint as modheolaíocht chaighdeánach náisiúnta EPA, chun dul chun cinn na Cairte a rianú le chéile agus chun tacú le ceanglais tuairiscithe AE atá ar Éirinn;
- Cosc dramhbhia atá faoi cheangal spriocanna a chur chun cinn i measc an lucht gnó;
- Cainéal cumarsáide a sholáthar do gheallsealbhóirí gnó, e.g., deiseanna labhartha ag comhdhálacha, ailt nuachtlitreacha, agus na meáin shóisialta

Mar chuid den athbhreithniú ar an Treochlár, déanfar faireachán ar éifeachtacht an chuir chuige dheonaigh sin maidir le dramhbhia a thomhas agus a thuairisciú, agus ar éifeachtacht na Cairte Dramhbhia leasaithe, i ndáil leis an dóigh a bhfuil príomhearnálacha ag déanamh dramhbhia a thomhas agus a thuairisciú. Gheofar amach ón obair sin an bhfuil gá le ceanglais éigeantacha a leagan síos maidir le dramhbhia a thomhas agus a thuairisciú nó nach bhfuil.

# 10 Bronnadh Bia – Athdháileadh

D'fhéadfadh dálaí teacht chun cinn feadh céimeanna éagsúla den slabhra táirgthe bia agus dáileacháin nuair is rogha chuí é bronnadh bia. Baineann siad sin go príomha leo seo, mar shampla:

- Deacrachtaí maidir le soláthar agus éileamh a bhainistiú ina bhféadfadh 'barrachas' soláthair a bheith ag gnólachtaí bia chun orduithe a chomhlíonadh;
- D'fhéadfadh earráidí sa lipéadú nó sa phacáistiú a bheith i gceist, a d'fhéadfaí a fhágáil nach gcuirfí an bia breá sábháilte isteach sa mhargadh agus, mar sin, tá sé ar fáil lena bhronnadh.

Tá sé inghlactha go ndéanfaidh gnólachtaí bia an bia 'barrachas' sin a athdháileadh nó a bhronnadh ar charthanais éagsúla, nuair a bhíonn an bia fós i riocht inghlactha agus a dhéantar é a láimhseáil agus a dháileadh go sábháilte.

Ní mór do gach gnólacht bia cibé acu bia a bhronntar nó a fhaigheann agus a láimhseálann siad iad féin a chur ar an eolas faoina bhfreagrachtaí dlíthiúla faoin reachtaíocht bhia. Cuireann Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann treoir ghinearálta maidir le sábháilteacht bia ar fáil do ghnólachtaí bia a bhronnann bia agus do charthanais a fhaigheann an bia bronnta. Cuimsíonn an treoir[28] ceisteanna agus freagraí chun cabhrú le soiléiriú a dhéanamh ar na forálacha dlíthiúla i reachtaíocht bhia AE, rud lena gceadaítear bia a dheonú go sábháilte agus é a fháil go sábháilte. Ghlac an Coimisiún Eorpach freisin le treoirlínte AE maidir le bronnadh bia agus thug sé tuilleadh faisnéise maidir le bronnadh bia[29].

Maidir le bronnadh bia agus leis an earnáil charthanas, tá FoodCloud[30] ag forbairt réiteach go gníomhach i bhfoirm bonneagair tacaíochta chun tarrtháil bia barrachais atá oiriúnach do thomhaltas an duine ón slabhra soláthair a éascú agus a dháileadh ar charthanais. Is féidir barrachas bia san earnáil miondíola a mheaitseáil agus a bhronnadh ar charthanais áitiúla tríd an aip FoodCloud. Is féidir méideanna níos mó de bhia barrachais ón earnáil táirgthe a dháileadh trí Mhoil FoodCloud, a chruthaigh bonneagar riachtanach timpeall na hÉireann chun é sin a éascú. Tá gá le rannpháirtíocht níos mó ag gnólachtaí ann, go háirithe iad sin san earnáil táirgthe bia.

Tá dúshláin ann maidir le hathdháileadh táirgí bia áirithe, mar gheall ar sheilfré ghearr, mar shampla. Éilíonn sé sin obair le geallsealbhóirí amhail an earnáil miondíola chun fiosrú a dhéanamh ar mhodhanna lena n-éascaítear athdháileadh táirgí den sórt sin, agus á chinntiú ag an am céanna go gcloítear le ceanglais sábháilteachta bia.

Chun dálaí a fheabhsú maidir le bronnadh bia agus le dáileadh bia, gealltar i b*Plean Gníomhaíochta Dramhaíola na hÉireann do Gheilleagar Ciorclach* go ndéanfaí na bearta seo a leanas:

- Tacú le bronnadh bia, agus imscrúdú a dhéanamh ar bhealaí ar ar féidir bronnadh bia a shimpliú do ghnólachtaí;
- Imscrúdú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag toirmeasc ar scriosadh bia inite roimh an dáta faoinar cheart é a úsáid[31];
- Imscrúdú a dhéanamh ar na bacainní rialála agus dlíthiúla ar ghníomhartha bronnta an 'tSamáraigh Mhaith' agus cibé acu an laghdófaí dramhbhia dá mba rud é gurbh éigeantas é bia inite a bhronnadh ó asraonta miondíola;
- Trí Chairt Dramhbhia EPA a úsáid, tacú le sprioc dheonach le miondíoltóirí agus leis an tionscal próiseála le haghaidh céatadán de bhia inite a bhronnadh.

---

28 https://www.fsai.ie/food_businesses/donations/donations.html

29 https://ec.europa.eu/food/food/food-waste/eu-actions-against-food-waste/food-donation_en

30 https://food.cloud/

31 Díreoidh an beart seo go príomha ar ghnólachtaí amhail miondíoltóirí.

Chomh maith leis na bearta thuas a chur chun feidhme, déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Scrúdú a dhéanamh ar na roghanna a thacaíonn le hacmhainn agus scála na hearnála athdháilte bia barrachais a mhéadú (e.g., san earnáil carthanas);
- Tacú le tionscnaimh athdháilte bia barrachais, lena n-áirítear bia barrachais a eascraíonn as earnálacha amhail miondíol agus táirgeadh príomhúil a athdháileadh. Áirítear leis sin gníomhaíochtaí athdháilte bia barrachais ar féidir leo bochtaineacht bia a chomhrac tuilleadh a shainaithint agus tacú leo sin;
- Tacú le fiontair shóisialta agus tionscnaimh phobalbhunaithe a chuireann athdháileadh bia barrachais chun cinn;
- Feasacht a ardú ar athdháileadh agus deonú bia lena n-áirítear úsáid a bhaint as ardáin teicneolaíochta atá dírithe ar thomhaltóirí agus gnólachtaí áitiúla a éascaíonn athdháileadh agus deonú bia;
- Is féidir obair le príomhearnálacha (e.g., an earnáil táirgthe phríomhúil agus an earnáil miondíola) chun scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir dramhbhia a eascraíonn gnéithe a bhaineann le sonraíocht táirgí (e.g., torthaí agus glasraí míchumtha) a sheachaint.

*Is gá cosc ar dhramhbhia a leabú in iompar laethúil ar fud na sochaí agus na n-earnálacha.*

# 11 Leithscaradh Dramhbhia

Ara on dul leis an ordlathas dramhbhia, is é cosc ar dhramhbhia an chéad tosaíocht. Ní mór iarrachtaí coisc a chomhcheangal freisin le hiarrachtaí bainistiú níos fearr a dhéanamh ar an dramhbhia a thagann chun cinn, nach féidir cuid de a sheachaint. Cabhróidh feasacht níos fearr ar na hiompraíochtaí is cúis le giniúint dramhbhia le hiarrachtaí a bhfuil mar aidhm leo giniúint dramhbhia a shainaithint ar an gcéad dul síos. Chun go mbeidh daoine páirteach in athrú dearfach iompraíochta ó thaobh cosc ar dhramhbhia de, ní mór feasacht agus rannpháirtíocht ghníomhach a fheabhsú maidir le leithscaradh cuí dramhbhia agus maidir lena chinntiú go bhfuil an dramhbhia a ghintear dírithe ar an araid cheart (i.e., an araid dramhaíola orgánaí).

Leagtar amach i Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dramhbhia Teaghlaigh agus Bithdhramhaíl) 2015[32] na ceanglais maidir le dramhbhia tí a leithscaradh agus le bailiú leithleach dhramhaíola bia tí do theaghlaigh i gceirtleáin daonra is mó ná 500 duine. Ceanglaítear leis na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Dramhbhia) 2009[33] go ndéanfaí dramhbhia a leithscaradh ó fhoinsí tráchtála sonraithe.

De réir gealltanas a tugadh sa *Phlean Gníomhaíochta Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach*, tabharfar reachtaíocht isteach chun sainordú a thabhairt go soláthrófaí araid dramhaíola orgánaí do gach teaghlach ar sheirbhís bailithe cois colbha.

Maidir le bearta a bhfuil mar aidhm leo leithscaradh dramhbhia tráchtála a fheabhsú, foráiltear leis an Acht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022, do phraghsáil dhreasaithe a chur chun feidhme le haghaidh bailiú dramhaíola tráchtála ar bhonn atá comhchosúil leis na forálacha atá ann cheana lena dtacaítear le praghsáil dhreasaithe agus leithscaradh dramhaíola tí i sruthanna leithleacha. Cabhróidh sé sin le leithscaradh dramhbhia a mhéadú, rud a chuirfidh le feasacht ar dhramhbhia dá réir agus a chabhróidh le bearta a shainaithint chun dramhbhia san earnáil tráchtála a chosc.

Gealltar freisin sa *Phlean Gníomhaíochta Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach* go dtacófaí le dramhbhia a leithscaradh agus a bhainistiú trí bhearta amhail na nithe seo:

- Úsáid a bhaint as an Oifig Náisiúnta do Cheadanna Bailithe Dramhaíola agus sonraí eile 'araide doinne' chun straitéisí a fhorbairt agus imscrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le teicneolaíocht nua tacú le húsáid níos mó;
- Trí athruithe ar cheadanna bailithe dramhaíola, agus trí obair leis an earnáil Údaráis Áitiúil, á chinntiú go mbíonn rochtain ag gach sealbhóir tí ar mhodh iontaofa, glan agus inbhuanaithe le haghaidh dramhbhia a bhainistiú;
- Obair leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun athruithe rialála a dhéanamh ar na dlíthe pleanála agus tionóntachta a theastaíonn chun a chinntiú go gcuirfear bonneagar ar fáil do chónaitheoirí árasán chun tacú le leithscaradh dramhbhia;
- Spriocanna bardasacha athchúrsála dramhaíola a chur ar áireamh mar choinníollacha de cheadanna bailithe dramhaíola.

In 2020, foilsíodh[34] tuarascáil ar threoirthionscadal athchúrsála dramhbhia ina n-áirítear torthaí na dtreoirghníomhaíochtaí a dhíríonn ar athchúrsáil dramhbhia a fheabhsú.

Ag teacht sna sála ar a treoirthionscadal sin, tá grúpa geallsealbhóirí, lena mbaineann RCAC, an tionscal dramhaíola, lena n-áirítear Cumann Bainistíochta Dramhaíola na hÉireann, Cré

32 Ionstraim Reachtúil 430 de 2015
33 Ionstraim Reachtúil 508 de 2009
34 https://www.mywaste.ie/report-on-the-food-waste-recycling-pilot-project/

(Cumann Múirínithe agus Díleá Anaeróbaigh na hÉireann), na hOifigí Pleanála Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnacha agus EPA, i mbun roinnt gníomhaíochtaí comhoibríocha chun leithscaradh dramhbhia a fheabhsú. Áirítear leis sin díriú ar phacáistí boscaí dramhbhia cistine a sholáthar do roinnt sealbhóirí tí, agus oideachas agus feasacht ar conas dramhbhia a leithscaradh a chur chun cinn, agus an díriú á leagan ar éilliú a laghdú. Tá cistiú is fiú thart ar €1 mhilliún á leithdháileadh chun tacú le tionscnaimh feasachta athchúrsála dramhbhia atá á stiúradh ag na hOifigí Pleanála Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnacha in 2022 agus 2023.

Mar shampla, reáchtáladh Seachtain Náisiúnta Athchúrsála Dramhbhia, a bhí faoi stiúir ag na hOifigí Pleanála Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnacha, ón 30 Bealtaine go dtí an 6 Meitheamh 2022. Díríodh lena linn ar dhaoine a spreagadh chun a gcuid dramhbhia a athchúrsáil[35] agus chun pacáistí boscaí dramhbhia cistine a sholáthar.

35 https://www.mywaste.ie/news/national-food-waste-recycling-week-launched-30th-may-6th-june-2022/

# 12 Cumarsáid, Oideachas agus Feasacht

Is gá cosc ar dhramhbhia a leabú in iompar laethúil ar fud na sochaí agus na n-earnálacha. Cuideoidh gníomhaíochtaí cumarsáide agus feasachta chun aird a tharraingt ar iompraíochtaí dearfach as a dtagann dramhbhia laghdaithe agus a spreagfaidh athrú iompraíochta leis sin. Gealltar sa Treochlár seo go soláthrófaí plean uileghabhálach cumarsáide agus feasachta maidir le cosc ar dhramhbhia a bhaineann le cur chun feidhme an Treochláir agus a chlúdaíonn gach céim den slabhra soláthair bia.

Is é an clár um Dhramhbhia a Stopadh, atá á bhainistiú ag EPA, an clár náisiúnta atá os comhair an phobail maidir le dramhbhia tí a chosc agus tá taithí fhairsing aige ar obair le tomhaltóirí trí fheachtais, trí idirghabhálacha agus trí shaotharlanna beo. Gealltar sa Treochlár seo go soláthrófaí clár leanúnach cumarsáide agus feasachta, go príomha trí Threochlár na hÉireann um Dhramhbhia a Stopadh, atá faoi stiúir ag EPA. Comhordóidh Clár EPA um Dhramhbhia a Stopadh gníomhaíochtaí cumarsáide náisiúnta um chosc ar dhramhbhia tí amach anseo agus leanfaidh siad de bheith nasctha leis na cineálacha dramhbhia tosaíochta agus na pobail a bhfuiltear ag spriocdhíriú orthu. Cuirfear iad sin chun feidhme trí phlean cumarsáide bliantúil, a d'ullmhaigh EPA, lena n-áireofar meascán de ghníomhaíochtaí um Dhramhbhia a Stopadh, na meáin shóisialta, caidreamh poiblí agus modhanna ollchumarsáide eile chun lucht féachana mór a shroicheadh go tráthrialta, agus atá ag teacht leis roghanna éagsúla do chainéil chumarsáide. Leanfar leis an eolaíocht um athrú iompraíochta a chomhtháthú isteach i ngníomhaíochtaí a fhéachann le tionchar a imirt ar iompraíocht coisc dramhbhia.

Molfar oideachas agus feasacht maidir le cosc ar dhramhbhia i scileanna cócaireachta agus bainistíochta bia lena gcur ar áireamh i gcuraclaim scoile agus i gcainéil oideachais eile, amhail trí ghlacadh méadaithe le heacnamaíocht bhaile nó trí iad a chur ar áireamh in ábhair eile amhail Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil.

Tacófar freisin le tionscnaimh eile atá á ndéanamh sa spás oideachais a bhfuil díriú ar dhramhbhia ar áireamh iontu. Áirítear leo sin tionscnaimh amhail an Campus Living Labs Sustainability Project[36].

Réimse dírithe ar leith a bheidh sa mharcáil dátaí chun cabhrú le tomhaltóirí idirdhealú níos fearr a dhéanamh idir na dátaí faoinar cheart bia a úsáid agus na dátaí ar fearr an bia rompu. Fuarthas amach i suirbhé ar choimisiúnaigh EPA é roimhe seo gurb iad dul thar na dátaí faoinar cheart bia a úsáid (68%) agus na dátaí ar fearr an bia rompu (55%) na príomhchúiseanna a gcaitheann daoine bia amach ina dteaghlach[37].

Rialaítear marcáil dátaí ar tháirgí bia faoi Rialachán (AE) Uimh. 1169 de 2011[38] ar an soláthar faisnéise bia do thomhaltóirí (Rialachán FIC). Faoin Straitéis 'ón bhFeirm go dtí an Forc' (comhpháirt agraibhia an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip) agus Plean Sáraithe Ailse na hEorpa, tá an Coimisiún Eorpach á mholadh go ndéanfaí athbhreithniú ar an Rialachán FIC, ag díriú ar chúig ghné den Rialachán FIC[39], lena n-áirítear i ndáil le marcáil dátaí ar tháirgí bia.

Tá seasamh beartais á fhorbairt ag Rialtas na hÉireann maidir le pacáiste lipéadaithe bia an Choimisiúin Eorpaigh. Tá sé sin á fhorbairt ag grúpa tras-Rialtais atá faoi cheannas na Roinne Sláinte (RS), ag obair di i ndlúthchomhar le RTBM, RCAC agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF), chomh maith le

36 https://www.iua.ie/ourwork/sustainability/campus-living-labs-sustainability/

37 https://www.epa.ie/media/epa-2020/monitoring-amp-assessment/circular-economy/National_Food_Waste_Attitudes_Survey.pdf

38 RIALACHÁN (AE) Uimh. 1169/2011 ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 87/250/CEE ón gCoimisiún, Treoir 90/496/CEE ón gComhairle, Treoir 1999/10/CE ón gCoimisiún, Treoir 2000/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2002/67/CE ón gCoimisiún agus Treoir 2008/5/CE ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 608/2004 ón gCoimisiún.

39 https://ec.europa.eu/food/safety/labelling-and-nutrition/food-information-consumers-legislation/proposal-revision-regulation-fic_en

gníomhaireachtaí ábhartha atá faoi shainchúram na gceithre Roinn[40].

Díreofar i ngníomhaíochtaí oideachais agus feasachta ar mharcáil dátaí ar dhea-iompraíochtaí bainistíochta bia a ghlacadh agus na hiompraíochtaí cearta a chur chun cinn maidir le dátaí. Díreofar i ngníomhaíochtaí freisin ar threoir don tionscal a chur chun cinn, lena n-áirítear ar conas lipéid mharcála dátaí a chur i bhfeidhm i gceart.

Beidh na nithe seo a leanas ar áireamh freisin i ngníomhaíochtaí oideachais agus feasachta:

- Tacú le feasacht agus oiliúint d'oibrithe sa slabhra soláthair bia, agus díriú á leagan ar leithscaradh níos fearr agus ar chleachtais níos fearr as a dtagann cosc ar dhramhbhia agus sochair eile, lena n-áirítear coigiltí costais;
- Deiseanna le haghaidh foghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn maidir le conas dramhbhia a chosc trí churaclaim ghairmiúla scoile agus ábhartha (e.g., staidéir ar an earnáil fáilteachais) chomh maith le hoiliúint ar an láthair oibre;
- Idirchaidreamh a dhéanamh le comhlachtaí oiliúna (e.g., comhlachtaí oiliúna tionscail) chun cainníochtú agus cosc dramhbhia dea-chleachtais a chomhtháthú isteach i gcláir oiliúna ábhartha do phríomhearnálacha (e.g., earnáil fáilteachais), nuair is féidir;
- Gnólachtaí bia a spreagadh chun tús áite a thabhairt do dhramhbhia, le heochairtháscairí feidhmíochta soiléire agus cláir oiliúna don fhoireann;
- Tacú le húdaráis phoiblí maidir le conas cuspóirí agus teachtaireachtaí na bhfeachtas agus na n-idirghabhálacha eile a chomhtháthú ar fud earnálacha;
- Béim a chur ar chosc ar dhramhbhia mar ghníomh chun an t-athrú aeráide a chomhrac;
- Idirchaidreamh a dhéanamh le hÚdaráis Áitiúla, le hOifigí Pleanála Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnacha, le hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide, le gnólachtaí, le tionchairí meán sóisialta agus le heagraíochtaí eile chun cur le clúdach an Chláir um Dhramhbhia a Stopadh agus le clúdach gníomhaíochtaí eile a bhaineann le feasacht ar dhramhbhia;
- Tacú leis an gclár um Dhramhbhia a Stopadh trí fhiosrú a dhéanamh ar bhealaí is féidir bia a phacáistiú, a lipéadú, a phraghsáil agus a chur chun cinn chun dramhbhia tí a laghdú. Áirítear leis sin idirchaidreamh a dhéanamh le miondíoltóirí agus déantúsóirí bia ar na gnéithe sin agus úsáid a bhaint as feachtais dhea-reáchtáilte phoiblí chun tionchar a imirt ar iompraíochtaí bainistíochta bia;
- Tacú le cumarsáid dhíreach maidir le dramhbhia a chosc do thomhaltóirí (e.g., ar an táirge nó ar líne);
- Tacú le heagraíochtaí atá dírithe ar an bpobal leanúint ar aghaidh ag forbairt tionscnaimh phobalbhunaithe oideachais agus feasachta atá dírithe ar chosc ar dhramhbhia;
- Scaipeadh a dhéanamh ar na príomh-aschuir agus na huirlisí tábhachtacha arna bhforbairt trí thionscadail taighde agus nuálaíochta a bhaineann le cosc ar dhramhbhia;
- Lá náisiúnta feasachta um chosc ar dhramhbhia, a bheidh faoi stiúir ag StopFoodWaste.ie, a sheoladh an 1 Márta gach bliain. Spreagfar gach earnáil, gnólacht agus sealbhóirí tí chun páirt ghníomhach a ghlacadh i ngníomhaíochtaí um chosc ar dhramhbhia ar an dáta sin chun tacaíocht a léiriú le chéile do thiomantas na hÉireann do dhramhbhia a laghdú.

40 https://www.gov.ie/en/publication/6b865-the-food-information-to-consumers-fic-regulation/

# 13 Taighde agus Nuálaíocht

Is é atá i gceist le dul i ngleic le dramhbhia ná obair i gcomhar leis na geallsealbhóirí go léir chun réitigh a shainaithint, a thomhas, a thuiscint agus a aimsiú ar bhealach níos fearr chun déileáil le dramhbhia. Ní ann d'aon chúis aonair amháin a ngabhann réiteach amháin léi toisc gur córas casta dinimiciúil é an slabhra bia. Ba cheart do gach gníomhaí sa slabhra bia obair le chéile chun réitigh a fháil, ó fheirmeoirí, iascairí, próiseálaithe, déantúsóirí, miondíoltóirí, an lucht fáilteachais, agus tomhaltóirí iad féin. Tá ról tábhachtach ag saineolaithe eile san earnáil bia, eolaithe taighde, bainc bhia agus eagraíochtaí neamhrialtasacha freisin.

Mar a luadh roimhe seo, glacann Éire páirt in obair Ardán AE maidir le Caillteanas Bia agus Dramhbhia agus leanfaidh sí ag glacadh páirt i ngníomhaíochtaí a mbeidh comhroinnt eolais agus an dea-chleachtais maidir le cosc ar dhramhbhia ar áireamh iontu.

Leanfaidh Éire ag baint úsáid as gach ceann de na sásraí ábhartha taighde agus nuálaíochta de chuid AE agus de chuid na tíre chun tacú le gníomhaíochtaí um chosc dramhbhia agus chun eolas a dhéanamh do bheartais ghaolmhara, lena n-áirítear trí chláir atá á stiúradh ar leibhéal AE amhail Fís Eorpach agus trí chláir ar an leibhéal náisiúnta atá faoi stiúir ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann[41]. Cuireann Clár Life[42], mar shampla, cistiú ar fáil chun tacú le tionscadail Chomhshaoil, Chaomhnaithe Dúlra agus Gníomhaithe ar son na hAeráide ar fud an Aontais Eorpaigh. I measc na dtionscadal roimhe seo bhí tionscnaimh laghdaithe dramhbhia.

Is creat ardleibhéil deich mbliana do chláir taighde EPA don tréimhse 2021 go 2030 é EPA Research 2030[43]. Cuimsíonn a struchtúr téamach ceithre mhol idirnasctha lena n-áirítear, mar shampla, aghaidh a thabhairt ar riachtanais fianaise athraithe aeráide agus geilleagar glas agus ciorclach a éascú. Chomh maith leis sin, tá sásra cistiúcháin Mearchonair i dtreo an Bheartais ag Clár Taighde EPA a bhfuil sé mar aidhm leis sintéis fianaise, athbhreithniú ar bheartais agus dea-chleachtais a sholáthar chun ceisteanna beartais atá ag teacht chun cinn go práinneach a fhreagairt agus chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais bheartais ghearrthéarmacha.

Fiontar Glas EPA: Is glao bliantúil cistiúcháin é nuálaíocht do Gheilleagar Ciorclach chun tacú le nuálaithe in Éirinn chun cineálacha cur chuige geilleagair chiorclaigh a fhorbairt, a thaispeáint agus a chur chun feidhme ina samhlacha gnó. Déantar é a bhainistiú trí Chlár Náisiúnta EPA don Gheilleagar Ciorclach agus tá sé á chomhchistiú ag Taighde EPA. I measc na spriocréimsí do thionscadail nuálaíochta tá Bia, Cothaithigh agus Uisce.

Is tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann atá faoi stiúir ag RCAC é an Scéim Deontas Nuálaíochta ar mhaithe leis an nGeilleagar Ciorclach (CEIGS)[44]. Is é cuspóir na scéime deontas sin ná tacaíocht a thabhairt do thionscadail a oibríonn sa spás don Gheilleagar Ciorclach chun an Geilleagar Ciorclach in Éirinn a chur chun cinn agus chun feasacht a ardú ar an ngá le haistriú chuig Geilleagar Ciorclach. Seoladh an scéim in 2021 agus bhí os car dhramhbhia i measc na réimsí téamacha.

I measc na mbealaí taighde eile tá Ciste Nuálaíochta agus Forbartha Tuaithe RTBM (RIDF)[45], a sholáthair cistiú roimhe seo do thionscnaimh a raibh sé mar aidhm leo dramhbhia a ngineann gnólachtaí bia, miondíoltóirí/ mórdhíoltóirí nó soláthraithe i gceantair thuaithe é a laghdú.

Cuimsíonn Fís don Bhia 2030[46] gníomh chun taighde a dhéanamh ar mhéid an chaillteanais bia ag céim an táirgthe (phríomhúil) i gcomhthéacs na hÉireann, agus bealaí nuálacha a fhorbairt chun é a laghdú.

Tá taighde déanta ag Bord Bia chun tuiscint níos fearr a fháil ar éilimh inbhuanaitheachta domhanda maidir le bia agus deoch[47] agus tá léargais curtha ar fáil aige atá ceaptha chun cabhrú le tuiscint a ghnóthú ar iompraíocht custaiméirí agus tomhaltóirí agus ar an éileamh maidir le hinbhuanaitheacht. Sainaithníodh sa taighde, mar shampla, gur topaic thábhachtach do thomhaltóirí é dramhbhia.

41 https://www.sfi.ie/
42 https://www.gov.ie/en/publication/7e5e8-life-programme/
43 https://www.epa.ie/our-services/research/epa-research-2030/
44 https://www.gov.ie/en/service/b3faa-apply-for-the-circular-economy-innovation-grants-scheme-ceigs/
45 https://www.gov.ie/en/press-release/ba6b7-minister-mcconalogue-announces-funding-for-food-waste-reduction-projects-and-promotes-national-food-waste-recycling-week/
46 https://www.gov.ie/en/publication/c73a3-food-vision-2030-a-world-leader-in-sustainable-food-systems/
47 https://www.bordbia.ie/global-sustainability-insights/

Leagtar amach i Ráiteas Beartais Náisiúnta na hÉireann maidir leis an mBithgheilleagar[48] creat chun an bithgheilleagar in Éirinn a fhorbairt agus a neartú tuilleadh, agus béim á leagan ar inbhuanaitheacht, ciorclaíocht agus nuálaíocht (Féach Aguisín 2 chun tuilleadh faisnéise a fháil). Tá Plean Gníomhaíochta don Bhithgheilleagar á fhorbairt faoi láthair, rud ina bhféachfar lena leagan amach cé na príomhghníomhartha a chomhlíonfaidh uaillmhian na hÉireann teacht chun bheith ina ceannaire domhanda don Bhithgheilleagar.

Is é is Clár Cistiúcháin Taighde Iomaíoch RTBM ann ná an príomhshásra náisiúnta cistiúcháin do thaighde bia in institiúidí ardoideachais agus in institiúidí poiblí taighde eile (e.g., Teagasc). Rinneadh é a athchumrú chun cabhrú leis na gealltanais taighde agus nuálaíochta atá sa Straitéis um Fhís don Bhia 2030 agus Misean gaolmhar 4, is é sin "Earnáil agraibhia atá nuálach, iomaíoch agus athléimneach arna stiúradh ag teicneolaíocht agus tallann", a chur chun feidhme.

Is é BiOrbic[49], Ionad Taighde Bithgheilleagair SFI, ionad taighde bithgheilleagair náisiúnta na hÉireann. Bunaíodh é chun bithgheilleagar na hÉireann a chur chun cinn agus a fhorbairt trí thaighde agus nuálaíocht den scoth.

Mar chuid de dhíriú an Treochláir ar thaighde agus nuálaíocht, déanfaidh Tascfhórsa um Chosc ar Dhramhbhia (féach freisin Rannán 15) clár d'ábhair thaighde tosaíochta maidir le caillteanas bia agus dramhbhia a shainaithint agus a chothabháil, rud a chuirfidh bonn eolais faoi na glaonna éagsúla cistiúcháin taighde a bhfuil topaic an dramhbhia agus an chaillteanais bia ar áireamh iontu. Cinnteoidh sé sin forbhreathnú comhleanúnach straitéiseach ar thosaíochtaí taighde dramhbhia agus caillteanais bia, agus cuideoidh sé lena shainaithint cé na príomheagraíochtaí a d'fhéadfadh ról tábhachtach a imirt i ngníomhaíochtaí taighde gaolmhara. Déanfar na haschuir ó phríomhthionscadail taighde agus nuálaíochta maidir le cosc ar dhramhbhia a chur in iúl agus a scaipeadh chun comhroinnt eolais, modhanna agus uirlisí a éascú chun cabhrú le gníomhaíochtaí um Chosc ar Dhramhbhia, agus chun rannpháirtíocht ghníomhach le haghaidh athrú iompraíochta a éascú. Ullmhófar bailiúchán taighde atá ann cheana (idir thaighde críochnaithe agus thaighde atá á dhéanamh faoi láthair) ar dhramhbhia chun tacú leis an obair sin.

Tá sé tábhachtach freisin tacú le nuálaíocht agus dul chun cinn sa teicneolaíocht, agus deiseanna a shainaithint chun teicneolaíochtaí nua a úsáid amhail réitigh intleachta saorga chun tacú le dramhbhia a thomhas agus a chosc.

Áirítear na nithe seo, mar shampla, leis na réimsí taighde amach anseo a bhreithneofar:

- **Marcáil Dátaí**
  Tagann dramhbhia as an míthuiscint agus as mí-úsáid a bhaint as marcáil dátaí (na dátaí faoinar cheart bia a úsáid agus na dátaí ar fearr an bia rompu).
- **Gáis Cheaptha Teasa a Bhaineann le Dramhbhia**
  Breithneofar taighde maidir le cainníochtú astaíochtaí gás ceaptha teasa (idir astaíochtaí díreacha agus astaíochtaí indíreacha) a bhaineann le giniúint dramhbhia agus leis na coigiltí astaíochtaí a eascraíonn as bearta laghdaithe dramhbhia a chur chun feidhme in Éirinn. Is féidir leis sin a bheith mar bhonn eolais faoi fhorbairt na méadrachtaí ábhartha aeráide chun dramhbhia a chosc in Éirinn.
- **Pacáistiú**
  Sainaithníodh pacáistiú inbhuanaithe agus plaistigh a bheith ina bpríomhcheist. Is le dul chun cinn sa bhithgheilleagar a ghabhann réitigh a d'fhéadfadh a bheith tábhachtach. Tá tábhacht le níos mó comhoibrithe agus taighde idir comhlachtaí bia agus daoine eile sa slabhra soláthair, ar nós cuideachtaí pacáistíochta, agus is príomhdhíriú a bheidh ansin.
- **Caillteanas Bia agus Dramhbhia i dTáirgeadh Príomhúil**
  Tuilleadh taighde ar chaillteanas bia agus dramhbhia ag céim an táirgthe phríomhúil i gcomhthéacs na hÉireann agus forbairt bealaí nuálacha chun caillteanas bia agus dramhbhia a laghdú, agus tógáil á déanamh ar thaighde a rinneadh le déanaí.

48 https://assets.gov.ie/2244/241018115730-41d795e366bf4000a6bc0b69a136bda4.pdf
49 https://biorbic.com/about/

# 14 Soláthar Poiblí Glas

Gealltar sa Phlean Gníomhaíochta Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach go n-oibreofaí leis an earnáil phoiblí agus le speisialtóirí soláthair phoiblí chun a chinntiú go dtacófar le comhlachtaí poiblí agus iad ag iarraidh dramhbhia a chosc agus dramhaíl dhosheachanta a bhainistiú trí sholáthar poiblí glas. In 2021, d'fhoilsigh EPA treoir athraithe chun dáta dar teideal Soláthar Poiblí Glas: Treoir don Earnáil Phoiblí[50] lena n-áirítear, mar shampla, díriú ar chosc dramhbhia mar chuid de sholáthar poiblí seirbhísí bia agus lónadóireachta.

Is é Green Tenders – *Plean Gníomhaíochta maidir le Soláthar Poiblí Glas*[51], a foilsíodh in 2012, an chéad phlean gníomhaíochta maidir le Soláthar Poiblí Glas in Éirinn. Gealltar i gClár an Rialtais go ndéanfar dul chun cinn ar chuspóirí Soláthair Phoiblí Ghlais amhail critéir ghlasa a áireamh i ngach soláthar a úsáideann cistí poiblí, rud a bheidh le cur i gcrích laistigh de thrí bliana. Tá tús curtha ag RCAC leis an bpróiseas chun Green Tenders – Plean Gníomhaíochta maidir le Soláthar Poiblí Glas a athbhreithniú agus a athrú chun dáta. Déanfar comhairliúchán poiblí ar dhréacht-Straitéis agus Plean Gníomhaíochta um Sholáthar Poiblí Glas.

Áireofar leis an obair sin scrúdú a dhéanamh ar conas is féidir cosc ar dhramhbhia a neartú tuilleadh mar chuid de Sholáthar Poiblí Glas chun a chinntiú go mbeidh ról ceannaireachta ag eagraíochtaí rialtais agus earnála poiblí in iarrachtaí a bhfuil mar aidhm leo dramhbhia a chosc a chur chun cinn.

50 https://www.epa.ie/publications/circular-economy/resources/GPP-Guidance-for-the-Irish-Public-Sector.pdf
51 https://www.gov.ie/en/publication/74075-green-tenders-an-action-plan-on-green-public-procurement/

# 15 Faireachán, Meastóireacht, Athbhreithniú agus Comhroinnt Eolais


## An Tascfhórsa um Chosc ar Dhramhbhia agus Faireachán ar an Treochlár

Déanfar faireachán agus athbhreithniú bliantúil ar an Treochlár Náisiúnta um Chorc ar Dhramhbhia, a bheidh á chomhordú agus á stiúradh ag RCAC, chun tionchar na mbeart náisiúnta um chosc ar dhramhbhia a mheas. Tuairisceoidh an tAire gach bliain ar chur chun feidhme an Treochláir Náisiúnta um Chosc ar Dhramhbhia.

Bunóimid Tascfhórsa um Chosc ar Dhramhbhia, a bheidh comhdhéanta d'ionadaithe ó phríomhearnálacha agus phríomheagraíochtaí agus a dhéanfaidh faireachán ar an gcur chun feidhme agus ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ar an Treochlár a sholáthar. Déanfar breithniú ar bhunú grúpaí fo-earnála a bhfuil baint acu le gach ceann de chéimeanna an tslabhra soláthair bia, agus príomhdhíriú á leagan ar thomhas, sainaithint agus cur chun feidhme a dhéanamh ar bhearta a bhfuil mar aidhm leo caillteanas bia agus dramhbhia a laghdú, nuair is infheidhme. Cuirfear bunú an Tascfhórsa um Chosc ar Dhramhbhia agus sainaithint na ngeallsealbhóirí a ghlacfaidh páirt ina chuid oibre agus ina ghrúpaí fo-earnála i gcrích tar éis fhoilsiú an chéad Treochláir. Léirítear i bhFíor 3 na príomh-chomhpháirteanna a chuirfidh le faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn ar an Treochlár a chur chun feidhme.

Déanfaidh EPA, tríd an gClár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhbhia agus trí thuairisciú ar staitisticí dramhaíola náisiúnta, faireachán agus meastóireacht ar thionchar na mbeart laghdaithe dramhbhia agus tuairisceoidh sí ar dhul chun cinn na hÉireann maidir lena spriocanna laghduithe dramhbhia a bhaint amach.

An t-eolas is deireanaí ar dhul chun cinn na hÉireann maidir le bearta um chosc ar dhramhbhia a chur chun feidhme agus spriocanna laghduithe dramhbhia a bhaint amach, cuirfidh RCAC ar fáil é agus foilseofar é ar shuíomh Gréasáin EPA ar bhonn tráthrialta.




Fíor 3: Na príomh-chomhpháirteanna a chuireann leis an monatóireacht agus an t-athbhreithniú ar an Treochlár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhbhia

Déanfaimid athbhreithniú ar fhionnachtana an Tascfhórsa um Chosc ar Dhramhbhia agus déanfaimid an Treochlár a athrú chun dáta dá réir sin chun a chinntiú go bhfanfaidh gníomhartha ábhartha agus oiriúnach ionas go mbeidh Éire ar an mbealach ceart chun a hoibleagáidí laghdaithe dramhbhia a chomhlíonadh. Athrófar an Treochlár chun dáta uair amháin ar a laghad gach trí bliana. Cuirfidh an t-athbhreithniú ar chur chun feidhme an Treochláir bonn eolais freisin faoin tuairisciú ar dhul chun cinn maidir lenár ngealltanais Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chomhlíonadh.

## Fóram maidir le Dramhbhia

Leanfar le Fóram na hÉireann maidir le Dramhbhia[52], a bunaíodh den chéad uair in 2014, a reáchtáil go tréimhsiúil agus tabharfaidh sé ceannairí beartais, gnólachtaí agus saineolaithe le chéile ó gach cearn den slabhra soláthair bia agus leanfaidh sé ag soláthar líonra luachmhar le haghaidh malartú faisnéise maidir le gníomhaíochtaí um dhramhbhia a chosc agus a laghdú.

Déanfaidh an Fóram anailís ar ghníomhartha um dhramhbhia a chosc agus a laghdú agus a dtionchar a chur chun cinn agus a éascú go gníomhach, faisnéis a chomhroinnt agus gníomhaíochta haghaidh comhoibrithe agus forbartha (e.g., tacaíochtaí treorach agus oiliúna) a shainaithint.

Áirítear leis sin díriú ar an idirghníomhaíocht idir céimeanna difriúla den slabhra soláthair bia chun gníomhartha a shainaithint chun cosc a chur ar dhramhbhia réamhtheachtach agus iartheachtach a luaithe is féidir (e.g., lúba aiseolais a bhunú). Cabhróidh sé sin le cur chuige córas a spreagadh ar fud an tslabhra soláthair agus chun braistint cuspóra choitinn a chinntiú.

Cuirfidh an Fóram geallsealbhóirí ar an eolas freisin maidir leis an dul chun cinn ar an Treochlár a chur chun feidhme.

52 https://foodwastecharter.ie/forum/

*Déanfar faireachán agus athbhreithniú bliantúil ar an Treochlár Náisiúnta um Chorc ar Dhramhbhia, a bheidh á chomhordú agus á stiúradh ag RCAC, chun tionchar na mbeart náisiúnta um chosc ar dhramhbhia a mheas.*

# Aguisín 1 – Gníomhartha Tosaíochta don chéad tréimhse Treochlár

| Uimh. | Gníomh | Príomh-Chomhlacht Soláthair | Geallsealbhóirí Eile | Amlíne |
|---|---|---|---|---|
| | **Rialáil** | | | |
| 1 | Bonn reachtúil a bhunú chun an Straitéis Náisiúnta um Chosc ar Dhramhbhia (Treochlár) a ullmhú, a athrú chun dáta agus a athbhreithniú - an tAcht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022. | RCAC | Geallsealbhóirí éagsúla eile | 2024 (tar éis Straitéis don Gheilleagar Ciorclach a fhoilsiú de réir an Achta um Gheilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022) |
| 2 | Dul i mbun próisis tar éis togra ón gCoimisiún maidir le Sprioc Laghduithe Dramhbhia AE. | RCAC | RTBM, EPA | Togra ón gCoimisiún le teacht in R2 2023 |
| 3 | Dul i mbun próisis maidir le togra ón gCoimisiún maidir le rialacha athbhreithnithe maidir le Marcáil Dátaí faoin Rialachán maidir le Faisnéis Bhia do Thomhaltóirí. | An Roinn Sláinte | RTBM, RFTF, RCAC, geallsealbhóirí éagsúla eile | Togra ón gCoimisiún le teacht roimh dheireadh 2022 |
| | **Tomhas agus Tuairisciú Dramhbhia** | | | |
| 4 | Oibleagáidí tuairiscithe bhliantúil a chomhlíonadh maidir le Sonraí Dramhbhia a thuairisciú d'AE. | EPA | Geallsealbhóirí éagsúla eile | Meitheamh 2022 agus gach bliain ina dhiaidh sin |
| 5 | Na staitisticí náisiúnta dramhbhia agus an mhodheolaíocht tuairiscithe chun sonraí dramhbhia a bhailiú, a bhailíochtú agus a thuairisciú a fhoilsiú chun tuairisciú a dhéanamh ar staitisticí oifigiúla na hÉireann maidir le dramhbhia agus leis an dul chun cinn a dhéantar maidir le dramhbhia a laghdú. | EPA | Geallsealbhóirí éagsúla eile | Gach bliain |
| 6 | Tacar sonraí bonnlíne dramhbhia a bhunú atá nasctha le sprioc laghduithe dramhbhia 2030. | EPA | RCAC, RTBM | Ráithe 2 2023 agus faoi réir fhorbairtí AE maidir le Spriocanna Laghduithe Dramhbhia AE a leagan síos |
| 7 | Úsáid agus comhtháthú phrótacal caighdeánach náisiúnta tomhais dramhbhia EPA a chur chun cinn lena n-úsáid i bpríomhearnálacha trí na nithe seo:<br>• Idirchaidreamh le RTBM, le comhlachtaí ábhartha agus le grúpaí oibre (e.g., a bhaineann le Fís don Bhia 2030 a chur chun feidhme)<br>• Rannpháirtíocht sa Chlár Origin Green<br>• Idirchaidreamh le Grúpa Forfheidhmithe an Bheartais Bithgheilleagair<br>• Idirchaidreamh leis an nGrúpa Gníomhaíochta athghníomhachtaithe um an Earnáil Miondíola<br>• Idirchaidreamh le Comhlachtaí Ionadaíocha Earnála | EPA | Geallsealbhóirí éagsúla eile | Gach bliain |

| Uimh. | Gníomh | Príomh-Chomhlacht Soláthair | Geallsealbhóirí Eile | Amlíne |
|---|---|---|---|---|
| | **An Chairt Dramhbhia** | | | |
| 8 | Cairt Dramhbhia athbhreithnithe a sheoladh. | EPA | RCAC, RTBM, geallsealbhóirí éagsúla eile | R2 2023 |
| 9 | An Chairt Dramhbhia a leathnú chuig gnólachtaí slabhra soláthair bia chun comhaontú tionscail a bhunú maidir le dramhbhia a chosc. | EPA | Geallsealbhóirí éagsúla eile | Leanúnach |
| 10 | Eolas a thógáil agus acmhainn a fhorbairt maidir le tomhas agus cosc ar dhramhbhia i ngnólachtaí san earnáil bia. | EPA | Geallsealbhóirí éagsúla eile | Leanúnach |
| 11 | Grúpa Gníomhaíochta um an gCairt Dramhbhia a bhunú le grúpaí oibre fo-earnála chun aghaidh a thabhairt le chéile ar dhramhbhia a thomhas agus a laghdú sa slabhra soláthair bia. | EPA | RCAC, RTBM, geallsealbhóirí éagsúla eile | R1 2023 |
| 12 | Athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an chuir chuige dheonaigh maidir le dramhbhia a thomhas agus a thuairisciú chun a chinneadh an bhfuil gá le ceanglais éigeantacha a leagan síos maidir le tomhas agus tuairisciú nó nach bhfuil. | RCAC | EPA, RTBM, comhlachtaí ionadaíocha earnála | R4 2024 |
| 13 | Staidéir a shainaithint agus a sheoladh chun bonn fianaise a thógáil le haghaidh gníomhartha um chosc ar dhramhbhia i ngnólachtaí earnála bia. | EPA | Geallsealbhóirí éagsúla eile | Leanúnach |
| | **Bronnadh Bia – Athdháileadh** | | | |
| 14 | Imscrúdú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag toirmeasc ar bhia inite a scriosadh roimh an dáta faoinar cheart é a úsáid. | RCAC | Geallsealbhóirí éagsúla eile | 2024 |
| 15 | Imscrúdú a dhéanamh ar na constaicí rialála agus dlíthiúla ar ghníomhartha deonaithe 'Samáraigh Mhaith' agus an laghdódh bronnadh éigeantach bia inite ó asraonta miondíola dramhbhia nó nach laghdódh. | RCAC | An Grúpa Gníomhaíochta um an Earnáil Miondíola, geallsealbhóirí éagsúla eile | 2024 |
| 16 | Trí Chairt Dramhbhia EPA a úsáid, tacú le sprioc dheonach le miondíoltóirí agus leis an tionscal próiseála le haghaidh céatadán de bhia inite a bhronnadh. | RCAC | EPA, an Grúpa Gníomhaíochta um an Earnáil Miondíola, geallsealbhóirí éagsúla eile | 2023 |

| Uimh. | Gníomh | Príomh-Chomhlacht Soláthair | Geallsealbhóirí Eile | Amlíne |
|---|---|---|---|---|
| 17 | Scrúdú a dhéanamh ar roghanna lena dtacaítear le méadú suntasach ar acmhainn agus scála na hearnála athdháilte bia barrachais (e.g., san earnáil carthanas). | RCAC | Geallsealbhóirí éagsúla eile | Leanúnach |
| 18 | Tacú le tionscnaimh athdháilte bia barrachais lena n-áirítear athdháileadh bia barrachais a eascraíonn as earnálacha amhail an earnáil miondíola agus an earnáil táirgthe phríomhúil. Gníomhaíochtaí athdháilte bia barrachais ar féidir leo dul i ngleic tuilleadh le bochtaineacht bia a shainaithint agus tacú leo sin. | RCAC, RTBM | An Grúpa Oibre um Bochtaineacht Bia[53], geallsealbhóirí éagsúla eile | Leanúnach |
| 19 | Tacú le fiontair shóisialta agus tionscnaimh phobalbhunaithe a chuireann an t-athdháileadh bia barrachais chun cinn. | DRCD[54] RCAC, RTBM | Geallsealbhóirí éagsúla eile | Leanúnach |
| 20 | Feasacht a ardú ar athdháileadh agus deonú bia, lena n-áirítear úsáid a bhaint as ardáin teicneolaíochta atá dírithe ar thomhaltóirí agus gnólachtaí áitiúla a éascaíonn athdháileadh agus deonú bia. Cur i láthair don Fhóram Miondíola. | RCAC | An Fóram maidir le Miondíol | Leanúnach |
| 21 | Is féidir oibriú le príomhearnálacha (e.g., an earnáil táirgthe phríomhúil agus an earnáil miondíola) chun scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir dramhbhia mar gheall ar ghnéithe a bhaineann le sonraíocht táirgí (e.g., torthaí agus glasraí míchumtha) a sheachaint. | RCAC | RTBM, an Grúpa Gníomhaíochta um an Earnáil Miondíola, geallsealbhóirí éagsúla eile | Leanúnach |
| **Leithscaradh Dramhbhia** | | | | |
| 22 | Praghsáil dhreasaithe a thabhairt isteach do dhramhaíl Tráchtála chun tacú le méadú ar dheighilt dramhaíola. | RCAC | An tionscal dramhaíola, geallsealbhóirí éagsúla eile | 2023 |
| 23 | An soláthar araidí dramhaíola orgánaí a dhéanamh ina éigeantas de sheirbhís bailithe dramhaíola do gach teaghlach. | RCAC | An tionscal dramhaíola, geallsealbhóirí éagsúla eile | 2023 |
| 24 | An soláthar araidí dramhbhia cistine (trí fheachtais MyWaste.ie) a chur i bhfeidhm do shealbhóirí tí a bhfuil seirbhís bailithe araidí dramhaíola orgánaí acu cheana féin. | RWMPOnna [55] | RCAC, an tionscal dramhaíola, geallsealbhóirí éagsúla eile | 2022 & 2023 |

53 https://www.gov.ie/en/press-release/4f450-minister-obrien-announces-new-working-group-on-food-poverty/
54 An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.
55 Oifigí Pleanála Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnacha.

| Uimh. | Gníomh | Príomh-Chomhlacht Soláthair | Geallsealbhóirí Eile | Amlíne |
|---|---|---|---|---|
| | **Cumarsáid, Oideachas agus Feasacht** | | | |
| 25 | Plean uileghabhálach cumarsáide agus feasachta a ullmhú maidir le cosc ar dhramhbhia a bhaineann le soláthar an Treochláir. | RCAC, RTBM, EPA | Geallsealbhóirí éagsúla eile | R1 2023 |
| 26 | Gníomhaíochtaí Cumarsáide agus Feasachta Dramhbhia a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear an Lá Náisiúnta um Dhramhbhia a Stopadh an 1 Márta. | EPA | RCAC, geallsealbhóirí éagsúla eile | Leanúnach |
| 27 | Gníomhaíochtaí Feasachta ar Dhramhbhia a Athchúrsáil a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear an tSeachtain Náisiúnta bhliantúil um Dhramhbhia a Athchúrsáil. | RWMPOnna | RCAC, an tionscal dramhaíola, geallsealbhóirí éagsúla eile | Leanúnach |
| 28 | Tacaíochtaí oideachais agus oiliúna a aithint d'eagraíochtaí (e.g., próiseálaithe bia, fáilteachas agus seirbhísí bia) ar féidir leo tomhas láidir dramhbhia agus gníomhaíochtaí láidre coiscthe a chuimsiú. | RCAC, RTBM, EPA | Geallsealbhóirí éagsúla eile | Leanúnach |
| | **Taighde agus Nuálaíocht** | | | |
| 29 | Cistiú a chur ar fáil le haghaidh taighde, trialacha agus taispeántais ar thopaicí dramhbhia (e.g., trí Chláir Thaighde de chuid EPA agus na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara, Cistiú Fiontraíochta Glaise, Scéim Deontas Nuálaíochta don Gheilleagar Ciorclach, an Ciste Nuálaíochta agus Forbartha Tuaithe). | RCAC, RTBM, EPA | Geallsealbhóirí éagsúla eile | Leanúnach |
| 30 | Bailiúchán de thaighde, nuálaíocht, trialacha agus taispeántas atá ann cheana agus críochnaithe maidir le cosc ar dhramhbhia a ullmhú. | RCAC | EPA, RTBM, geallsealbhóirí éagsúla eile | R1 2023 |
| 31 | Clár Topaicí Tosaíochta Taighde agus Nuálaíochta a bhunú maidir le Caillteanas Bia agus Dramhbhia. | RCAC | RTBM, EPA, an Tascfhórsa um Chosc ar Dhramhbhia | R2 2023 |
| | **Soláthar Poiblí Glas** | | | |
| 32 | Beartas um Sholáthar Poiblí Glas a athrú chun dáta, lena n-áirítear scrúdú a dhéanamh ar conas is féidir cosc dramhbhia a neartú tuilleadh sa rialtas agus san earnáil phoiblí. | RCAC | OGP [56], EPA, geallsealbhóirí éagsúla eile | R1 2023 |

[56] An Oifig um Sholáthar Rialtais

| Uimh. | Gníomh | Príomh-Chomhlacht Soláthair | Geallsealbhóirí Eile | Amlíne |
|---|---|---|---|---|
| **Faireachán, Meastóireacht, Athbhreithniú agus Comhroinnt Eolais** | | | | |
| 33 | Tascfhórsa um Chosc ar Dhramhbhia agus grúpaí fo-earnála a bhunú. | RCAC | RTBM, EPA, príomhionadaithe na hearnála | R1 2023 (nasctha le bunú an Ghrúpa Gníomhaíochta um an gCairt Dramhbhia) |
| 34 | Fóram maidir le Dramhbhia a Chomhordú | EPA | RCAC agus geallsealbhóirí éagsúla eile | R4 2023 |
| 35 | Páirt a ghlacadh in obair Ardán AE maidir le Caillteanas Bia agus Dramhbhia agus i bhfoghrúpaí gaolmhara. | EPA | RCAC, RTBM agus geallsealbhóirí éagsúla eile | Leanúnach |
| 36 | An t-eolas is deireanaí ar dhramhbhia a sholáthar gach bliain (trí thuairisciú EPA ar staitisticí náisiúnta dramhaíola) chun dul chun cinn an tionchair atá ag Clár Náisiúnta na hÉireann um Chosc ar Dhramhbhia, agus an dul chun cinn ar spriocanna laghdaithe dramhbhia na hÉireann a bhaint amach, a rianú. | EPA | RCAC | Gach bliain |
| 37 | Spriocanna eatramhacha le haghaidh dramhbhia a laghdú a leagan síos faoi dheireadh na chéad tréimhse Treochláir lena gcur ar áireamh sa chéad Treochlár eile. | RCAC | RTBM, EPA, Geallsealbhóirí éagsúla eile | 2024 |
| 38 | Tabhairt faoi athbhreithniú bliantúil ar an Treochlár um Chosc ar Dhramhbhia. | RCAC | RTBM, EPA, an Tascfhórsa um Chosc ar Dhramhbhia | Gach bliain |

# Aguisín 2: An Beartas Tacaíochta agus an Comhthéacs Reachtach

## Idirnáisiúnta

### Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe

Le Clár Oibre 2030 um Fhorbairt Inbhuanaithe, ar ghlac Ballstáit uile na Náisiún Aontaithe é in 2015, soláthraítear treoirphlean comhroinnte don tsíocháin agus don rathúnas do dhaoine agus don phláinéad, san am i láthair agus san am atá le teacht. Ina chroílár tá na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFInna), ar glao práinneach iad ar ghníomh ag gach tír – idir tíortha forbartha agus tíortha i mbéal forbairt - i gcomhpháirtíocht dhomhanda. Cuimsíonn Sprioc 12.3 de na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe an sprioc go ndéanfar dramhbhia domhanda in aghaidh an duine a laghdú faoina leath ar leibhéil an mhiondíola agus an tomhaltóra faoi 2030 agus caillteanais bhia a laghdú feadh slabhraí táirgeachta agus soláthair, lena n-áirítear caillteanais iarfhómhair.

## Eorpach

### Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach le haghaidh Eoraip níos glaine agus níos iomaíche agus Straitéis AE 'Ón bhFeirm go dtí an Forc'

Ghlac an Coimisiún Eorpach Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach, atá ar cheann de phríomhbhloic an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, clár oibre nua na hEorpa don fhás inbhuanaithe. Beidh an Coimisiún ag moladh sprioc maidir le laghdú dramhbhia, a thabharfaidh aghaidh go cuimsitheach ar an slabhra luacha bia. Tá Straitéis AE 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' i gcroílár an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhfuil sé mar aidhm leis córais bhia a dhéanamh cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol. Áirítear leis sin caillteanas bia agus dramhaíl a laghdú. Tá an Coimisiún tiomanta do dhramhbhia in aghaidh an duine a laghdú faoina leath ar leibhéil an mhiondíola agus an tomhaltóra faoi 2030. Trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht nua chun dramhbhia a thomhas agus as na sonraí a bhfuiltear ag súil leo ó na Ballstáit a thomhas 2022, molfaidh sé spriocanna atá ceangailteach ó thaobh an dlí de chun dramhbhia ar fud AE a laghdú faoi dheireadh 2023, agus é sainithe in aghaidh bonnlíne do leibhéil dramhbhia AE. Comhtháthóidh an Coimisiún caillteanas bia agus cosc dramhaíola i mbeartais eile AE.

Tagann dramhbhia as an míthuiscint agus as mí-úsáid a bhaint as marcáil dátaí (na dátaí faoinar cheart bia a úsáid agus na dátaí ar fearr an bia rompu). Leasóidh an Coimisiún rialacha AE chun taighde tomhaltóirí a chur san áireamh. Chomh maith le leibhéil dramhbhia a chainníochtú, déanfaidh an Coimisiún imscrúdú ar chaillteanais bhia ag céim an táirgthe, agus déanfaidh sé iniúchadh ar bhealaí chun iad a chosc. Má chomhordaítear gníomhaíocht ar leibhéal AE, treiseofar gníomhaíocht ar an leibhéal náisiúnta, agus cuideoidh moltaí Ardán AE maidir le Caillteanas Bia agus Dramhbhia leis an mbealach chun cinn a thaispeáint do gach gníomhaí.

Chomh maith leis sin, is amhlaidh, mar chuid de chuspóir na Straitéise 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' de chuid AE do chóras bia AE atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol, beidh togra á ullmhú ag an gCoimisiún freisin le haghaidh creat reachtach do chórais bhia inbhuanaithe faoi dheireadh 2023[57].

## An Chreat-Treoir Dramhaíola

Ceanglaítear é seo leis an gCreat-Treoir Dramhaíola athbhreithnithe (2018/851/CE): "Glacfaidh na Ballstáit cláir shonracha um chosc ar dhramhbhia laistigh dá gcláir um chosc ar dhramhaíl". Iarrtar leis an Treoir ar thíortha AE dramhbhia a laghdú ag gach céim den slabhra soláthair bia, faireachán a dhéanamh ar leibhéil dramhbhia agus tuairisciú ar ais maidir leis an dul chun cinn atá déanta. Thairis sin, ceanglaítear ar thíortha AE léi:

- cláir um chosc ar dhramhbhia a ullmhú (mar chuid de chláir ghinearálta um chosc ar dhramhaíl);
- bronnadh bia agus athdháileadh eile a spreagadh le haghaidh thomhaltas an duine, agus tosaíocht á tabhairt d'úsáid an

57 https://ec.europa.eu/food/horizontal-topics/farm-fork-strategy/legislative-framework_en

duine thar bheatha ainmhithe agus don athphróiseáil i dtáirgí neamhbhia mar chuid de bhearta arna ndéanamh chun giniúint dramhaíola a chosc;
- dreasachtaí a sholáthar chun an t-ordlathas dramhaíola a chur i bhfeidhm, amhail bronnadh bia a éascú.

Déantar na nithe seo a leanas freisin leis an reachtaíocht:
- sainmhíniú ar 'dramhbhia' atá bunaithe ar shainmhíniú bia ón Dlí Ginearálta Bia a thabhairt isteach;
- iarraidh ar an gCoimisiún reachtaíocht maidir le tomhas dramhbhia a ghlacadh faoi dheireadh mhí an Mhárta 2019;
- iarraidh ar an gCoimisiún tuarascáil a ullmhú a mbeidh togra ag gabháil leis faoi dheireadh 2023, más cuí, chun sprioc laghduithe dramhbhia ar fud AE a bhunú (lena baint amach in 2030);
- a shonrú gur cheart tuiscint tomhaltóirí ar dhátaí faoinar cheart bia a úsáid agus ar dhátaí ar fearr iad fúthu a fheabhsú chun dramhbhia a laghdú.

Tarmligeadh don Choimisiún modheolaíocht choiteann a bhunú chun leibhéil dramhbhia in AE a thomhas, chomh maith le formáid tuairiscithe do thíortha AE chun bonn eolais a chur faoin dul chun cinn arna dhéanamh le himeacht ama. Ceanglaítear leis an gCinneadh Tarmligthe[58] lena mbunaítear modheolaíocht choiteann AE chun dramhbhia a thomhas ar na Ballstáit sonraí a bhailiú maidir le dramhbhia[59] amhail 2020 agus tuairisciú a dhéanamh ar leibhéil náisiúnta dramhbhia faoi lár 2022. Cabhróidh creat tuairiscithe AE le tuairisciú ar leibhéil dramhbhia ag gnólachtaí a chaighdeánú agus cuirfidh sé le faireachán domhanda ar an Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 12.3.

## Náisiúnta

### Clár an Rialtais – Ár dTodhchaí Comhroinnte

I gClár an Rialtais: Ár dTodhchaí Chomhroinnte[60], a foilsíodh i Meitheamh 2020, leagtar amach gealltanais chun cabhrú le haistriú na hÉireann chuig geilleagar ciorclach agus gealltar go leanfadh sí ag obair chun dramhbhia a íoslaghdú ar fud an gheilleagair.

### Straitéis uile-Rialtais don Gheilleagar Ciorclach

Leagtar amach sa chéad Straitéis Uile-Rialtais don Gheilleagar Ciorclach[61] de chuid na hÉireann fís d'aistriú na hÉireann chuig an gciorclaíocht; ina mínítear coincheap an gheilleagair chiorclaigh, ina ndéantar cur síos ar na tionscnaimh atá ag tarlú cheana féin, cad iad na deiseanna atá ar fáil agus conas a bhrúfaidh an Rialtas na hathruithe a theastaíonn chun cinn.

### An tAcht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022

Leis an Acht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022[62], cuirtear an Straitéis Náisiúnta um Chosc ar Dhramhbhia (Treochlár) ar bhonn reachtúil, rud a fhágann go bhfuil forbairt leanúnach beartais i ndáil le dramhbhia a chosc ina cheanglas dlíthiúil ar an Rialtas. Tar éis fhoilsiú na Straitéise don Gheilleagar Ciorclach de réir alt 7 den Acht um Gheilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022, ullmhófar agus foilseofar

[58] Cinneadh Tarmligthe ón gCoimisiún (AE) 2019/1597 an 3 Bealtaine 2019 lena bhforlíontar Treoir Uimh. 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le modheolaíocht chomhchoiteann agus íoscheanglais cháilíochta leibhéil na dramhaíola bia a thomhas go haonfhoirmeach

[59] I gcomhréir le Cinneadh Tarmligthe (AE) 2019/1597 ón gCoimisiún maidir le modheolaíocht chomhchoiteann agus íoscheanglais cháilíochta leibhéil na dramhaíola bia a thomhas go haonfhoirmeach, ní áirítear le dramhbhia caillteanais ag céimeanna den slabhra soláthair bia nach bhfuil táirgí áirithe tagtha chun bheith ina mbia iontu fós, mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2022, ar nós plandaí inite nár baineadh. Ina theannta sin, ní áirítear leis fotháirgí ó tháirgeadh bia a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Airteagal 5(1) de Threoir 2008/98/CE, ós rud é nach dramhaíl iad na fotháirgí sin.

[60] https://www.gov.ie/en/publication/7e05d-programme-for-government-our-shared-future/

[61] https://www.gov.ie/en/press-release/16a69-government-launches-irelands-first-whole-of-government-circular-economy-strategy/

[62] https://www.irishstatutebook.ie/eli/2022/act/26

an chéad Treochlár Náisiúnta eile um Chosc ar Dhramhbhia (a bheidh ar an gcéad straitéis reachtúil náisiúnta um chosc ar dhramhbhia) ar bhonn reachtúil.

## Plean Gníomhaíochta Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach

Tá forbairt agus cur chun feidhme a dhéanamh ar bhearta chun dramhbhia a chosc agus a bhainistiú ina bpríomhdhíriú den *Phlean Gníomhaíochta Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach* a foilsíodh i Meán Fómhair 2020. Gníomh lárnach sa phlean maidir le dramhbhia is ea Treochlár um Chosc ar Dhramhbhia a fhorbairt ina leagtar amach sraith gníomhartha chun na laghduithe is gá a sholáthar chun ár ndramhbhia a laghdú faoi 2030, aon spriocanna gaolmhara eile a chomhlíonadh, agus ár n-aistriú chuig geilleagar ciorclach a chur chun cinn.

## An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021

I mí Iúil 2021, síníodh an tAcht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, ina dhlí. Tá Éire anois ar chonair atá ceangailteach ó thaobh an dlí de i dtreo aeráidneodracht a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050 agus i dtreo laghdú 51% ar astaíochtaí a bhaint amach faoi dheireadh na bhfichidí. Foráiltear leis an Acht do chreat chun go gcomhlíonfaidh Éire gealltanais aeráide idirnáisiúnta agus AE agus chun go mbeidh sí ina ceannaire maidir le dul i ngleic leis an athrú aeráide.

## Plean Gnímh na hÉireann don Aeráid

Leagtar amach i bPlean Gnímh na hÉireann don Aeráid treochlár chun ár n-uaillmhian aeráide a bhaint amach. Áirítear leis an bPlean Gnímh don Aeráid 2021[63] gealltanas go bhforbrófaí Treochlár um Chosc ar Dhramhbhia chun ár ngealltanas arb é atá ann dramhbhia a laghdú 50% faoi 2030 a chomhlíonadh. Cuirfear bearta um dhramhbhia a chosc ar áireamh i bPleananna Gnímh don Aeráid a ullmhófar amach anseo chun a chinntiú go bhfanfaidh dramhbhia mar phríomhthosaíocht le haghaidh gníomhaíocht aeráide d'Éirinn.

[63] https://www.gov.ie/en/publication/6223e-climate-action-plan-2021/

## Straitéis 'Fís don Bhia 2030'

Tugtar breac-chuntas i bhFís don Bhia 2030[64], Straitéis Agraibhia na hÉireann, ar an gcaoi a bhfuil cuid riachtanach de tháirgeadh bithbhunaithe ciorclach ag cur deireadh le dramhaíl inseachanta a tharlaíonn in áiteanna éagsúla sa slabhra bia, ó tháirgeadh príomhúil go dtí na haraidí i gcistineacha, trí úsáid a bhaint as ábhair luachmhara is dramhaíl dhosheachanta iad. Tagraítear sa Straitéis don Treochlár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhbhia agus tugtar breac-chuntas inti gur cheart do gach geallsealbhóir ábhartha san earnáil agraibhia, chomh maith le hionadaithe do mhiondíoltóirí, do sheirbhísí bia agus d'ionadaithe tomhaltóirí, páirt a ghlacadh ansin, ag tógáil ar obair an Chláir Náisiúnta um Chosc Dramhaíola atá ann cheana (an Clár don Gheilleagar Ciorclach anois) agus tionscnaimh ghaolmhara. Leagtar béim sa straitéis freisin ar ghníomhaíochtaí ar cheart a áireamh sa Treochlár, amhail athrú iompraíochta agus tionscnaimh oideachais do chustaiméirí trádála, tomhaltóirí agus gnólachtaí, idirghabhálacha tacaíochta teicniúla, taighde bailithe sonraí, faireachán agus meastóireacht.

## Ag Climatise – Treochlár i dtreo Neodracht Aeráide

Aithnítear sa Treochlár Ag Climatise[65] a d'fhoilsigh RTBM an 9 Nollaig 2020 an gá le gníomhaíocht maidir le bithgheilleagar ciorclach a fhorbairt, agus dramhaíl agus caillteanas bia a laghdú. Áirítear leis an treochlár gníomhartha tacaíochta chuige sin, amhail forbairt bithgheilleagair chiorclaigh inbhuanaithe a chur chun cinn laistigh den earnáil agraibhia agus dintiúir charbóin na hearnála gairneoireachta a fheabhsú tuilleadh.

## Ráiteas Beartais Náisiúnta maidir leis an mBithgheilleagar

Is í fís an Rialtais don bhithgheilleagar[66] ná uaillmhian na hÉireann a fhás mar cheannaire domhanda don bhithgheilleagar trí chur chuige comhordaithe a bhaineann leas as acmhainní nádúrtha agus buntáiste iomaíoch na hÉireann agus a bhaineann leas iomlán as na deiseanna atá ar fáil agus iad ag déanamh faireacháin, agus iarmhairtí neamhbheartaithe á seachaint. Cuspóir tábhachtach de chuid an bhithgheilleagair is ea Éire a bhogadh níos faide ná sprioc-chomhlíonadh agus díriú ar mhaolú carbóin chun forbairt gheilleagrach inbhuanaithe a chomhtháthú isteach inár samhail gheilleagrach agus muid ag aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin agus ciorclach. Tá ag méadú ar an aitheantas ar an leibhéal Eorpach do na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ann do gheilleagair agus do shochaithe glacadh le geilleagar ciorclach a choinníonn fóntas agus luach táirgí, comhpháirteanna agus ábhar sa gheilleagar chomh fada agus is féidir. Tá dlúthchaidreamh ag an mbithgheilleagar leis an ngeilleagar ciorclach agus is ionann é agus limistéar ina bhfuil roinnt buntáistí ríthábhachtacha ag Éirinn. Ba cheart don bhithgheilleagar ciorclaíocht a chur chun cinn trí réitigh agus nuálaíochtaí lena ndéantar ábhair a athúsáid agus a athchúrsáil, agus éifeachtúlacht acmhainní á huasmhéadú trí dhramhaíl dhosheachanta agus inbhuanaitheacht chomhshaoil a úsáid.

## Treochlár um an Ionchuimsiú Sóisialta 2020-2025

Sa Treochlár um an Ionchuimsiú Sóisialta 2020-2025[67] ina leagtar amach uaillmhian an Rialtais d'Éirinn a bheith ar cheann de na Stáit is cuimsithí ón taobh sóisialta de in AE, sainítear roinnt spriocanna sonracha atá le baint amach agus mionsonraítear roinnt príomhghealltanas chun an uaillmhian sin agus na spriocanna sin a bhaint amach. Mar a leagtar amach sa treochlár, tá 7% de dhaoine in Éirinn ag fulaingt bochtaineacht bia.[68] Cé gur laghdaigh sé sin ó bhuaic 13.2% in 2013, tá an ráta sin ina ábhar imní fós agus thug an Rialtas gealltanas go bhforbrófaí clár cuimsitheach oibre chun iniúchadh breise a dhéanamh ar na tosca a bhrúnn bochtaineacht bia chun cinn agus chun gníomhartha maolaitheacha a shainaithint.

---

[64] https://www.gov.ie/en/publication/c73a3-food-vision-2030-a-world-leader-in-sustainable-food-systems/

[65] https://www.gov.ie/en/publication/07fbe-ag-climatise-a-roadmap-towards-climate-neutrality/

[66] https://assets.gov.ie/2244/241018115730-41d795e366bf4000a6bc0b69a136bda4.pdf

[67] https://www.gov.ie/en/press-release/0b2e3d-minister-doherty-publishes-roadmap-for-social-inclusion-2020-2025/

[68] De réir sonraí a foilsíodh le déanaí (féach fonóta uimh. 1), bhí bochtaineacht bia ag 8.9% den daonra in Éirinn in 2021.

## An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais 2017-2021

Is mó seans go mairfidh daoine faoi mhíchumas ina n-aonar agus tá 42% díobh ina gcónaí i dteaghlach gan phost, rud a chuireann i mbaol mór na bochtaineachta iad. Tríd is tríd, bíonn leibhéil arda bhochtaineachta comhsheasmhaí ag daoine faoi mhíchumas. Is í an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais 2017-2021[69] an príomhchreat beartais agus gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais daoine faoi mhíchumas. Is é an cuspóir uileghabhálach atá aige ná saol daoine faoi mhíchumas a fheabhsú ó thaobh na praiticiúlachta de agus chun na deiseanna is fearr is féidir a chruthú do dhaoine faoi mhíchumas chun lán a gcumais a bhaint amach.

## An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2017-2021

Sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht[70], arb é an tríú plean dá leithéid d'Éirinn é, tugtar léargas ar na cuspóirí, na spriocanna agus na gníomhartha don bhithéagsúlacht a bheidh idir lámha ag raon leathan earnálacha rialtais, sochaí sibhialta agus príobháideacha chun Fís na hÉireann don Bhithéagsúlacht a bhaint amach.

[69] https://www.gov.ie/en/publication/8072c0-national-disability-inclusion-strategy-2017-2021/
[70] https://www.npws.ie/sites/default/files/publications/pdf/National%20Biodiversity%20Action%20Plan%20English.pdf

# Aguisín 3: Tuilleadh Faisnéise – Príomhearnálacha

## Teaghlaigh

Is féidir le sealbhóirí tí bia a chaitheamh amach toisc go gceannaíonn siad an iomarca bia nó nach n-úsáideann siad é in am, agus b'fhéidir nach bhfuil siad ar an eolas faoin méid dramhbhia a tháirgeann siad agus b'fhéidir nach bhfeicfidh siad go bhfuil fadhb ann a gcaithfear déileáil léi.

Díríonn clár EPA um chosc ar dhramhbhia ar dhramhbhia tí trí léargais iompraíochta agus gníomhaíochtaí méadaithe feasachta a chur i bhfeidhm tríd an bhfeachtas náisiúnta pobaldírithe um Dhramhbhia a Stopadh chun méadú tomhaiste a bhaint amach sa líon daoine atá i mbun idirchaidrimh ar an topaic agus feasacht fhorleathan an phobail ar shaincheist an dramhbhia agus ar na réitigh chun cabhrú le hé a laghdú.

I gcás clár rathúil um chosc ar dhramhbhia, tá ról tábhachtach ann do ghníomhaíochtaí múscailte feasachta agus cumarsáide a bhfuil clúdach mór daonra acu agus a choinníonn láithreacht leanúnach i gcomhfhios an phobail. Léiríodh i bhfionnachtain thábhachtach ó staidéar léargas iompraíochta de chuid EPA in 2020[71] go bhfuil cuid de na hiompraíochtaí dearfacha de chuid eagraíochtaí bia, amhail an cuisneoir a sheiceáil roimh shiopadóireacht a dhéanamh agus liosta a dhéanamh, á leanúint ag daoine atá níos tuisceanaí ar dhramhbhia ar bhonn laethúil, rud a chuireann béim ar an ngá le daoine a chur ar an eolas faoin méid dramhbhia atá á tháirgeadh acu agus faoi conas is féidir leo gníomhartha a dhéanamh ina saol laethúil chun an bia a chuireann siad amú a laghdú.

Maidir le gníomhaíochtaí rannpháirtíochta poiblí um Dhramhbhia a Stopadh, a chuirtear chun feidhme trí phlean cumarsáide fianaisethreoraithe, baineann siad úsáid as cur chuige il-chainéil atá ag teacht leis na cainéil chumarsáide is fearr, lena n-áirítear an suíomh Gréasáin stopfoodwaste.ie, na meáin shóisialta, caidreamh poiblí agus modhanna eile ollchumarsáide chun mórlucht féachana a chlúdach. Tá idirchaidreamh le comhpháirtithe comhoibríocha agus obair le daoine eile fós ar siúl chun an teachtaireacht agus an clúdach a mhéadú.

Leasaíodh gníomhaíochtaí agus samhail soláthair an chláir dramhbhia chun a chinntiú go bhfuil siad barrfheabhsaithe le haghaidh tionchair agus dírithe go cuí chun ról lárnach a imirt i mbaint amach a dhéanamh ar sprioc na hÉireann arb é atá inti dramhbhia a laghdú faoi 50% faoi 2030 agus astaíochtaí gás ceaptha teasa gaolmhara a laghdú. Tá gníomhaíochtaí agus idirghabhálacha nasctha le cineálacha spriocdhírithe dramhbhia agus lucht féachana, bunaithe ar na torthaí ar shuirbhéanna dearcthaí agus ar léargais iompraíochta. Athdhéanfar na suirbhéanna sin chun faireachán a dhéanamh ar na hathruithe rannpháirtíochta, chun bonn eolais a chur faoi shainaithint an sprioclucht féachana agus na bpríomhtheachtaireachtaí agus chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht ghníomhaíochtaí an chláir. Déanfar laghdú ar dhramhbhia tuairiscithe a thomhas trí staidéir thráthrialta thréithrithe dramhaíola chun athruithe i ndramhbhia tí a rianú.

Forbraíodh modheolaíocht chun comhdhéanamh an dramhbhia tí a thomhas agus tá sé beartaithe staidéir a dhéanamh chun sonraí agus léargais ghráinníneacha a sholáthar ar dhramhbhia ó thithe Éireannacha agus tacú le gníomhaíochtaí le haghaidh cosc dramhbhia a thomhas agus a thuairisciú. Tá sampláil tosaigh le déanamh i bhfómhar 2022 (i gcomhthráth le sampláil náisiúnta tréithrithe dramhaíola nuair is féidir).

## Próiseáil agus Déantúsaíocht

Gineann an earnáil déantúsaíochta agus an earnáil próiseála bia méid suntasach de dhramhbhia na hÉireann. Tá cuid mhaith den dramhaíl sin do-ite (mar shampla craicne, síolta, cnámha) agus atreoraítear í le haghaidh beatha ainmhithe nó táirgeadh fuinnimh. Mar thoradh air sin, is minic a dhéantar dearmad uirthi agus cosc ar dhramhbhia á bhreithniú.

[71] https://www.epa.ie/media/epa-2020/monitoring-amp-assessment/circular-economy/National_Food_Waste_Attitudes_Survey.pdf

Chun dramhaíl san earnáil déantúsaíochta agus san earnáil próiseála a laghdú, ní mór na cúiseanna sonracha a chuireann le giniúint dramhbhia a shainaithint. Bíonn cúiseanna éagsúla léi ach is iad seo a leanas roinnt de na cúiseanna is coitianta:

- Bearradh le linn próiseáil;
- Sonraíochtaí táirge (e.g., méid, caighdeáin chosmaideacha/aeistéitiúla);
- Rialú cáilíochta;
- Comhábhair nó táirgí atá diúltaithe nó damáistithe;
- Iarmhair dheireadh líne/iarmhair bhaisce;
- Táirge a chailleadh trí ghlanadh;
- Pacáistíocht mhíchuí;
- Éilliú ar an líne phróiseála;
- Earráidí i bpróiseáil a mbíonn lochtanna mar thoradh orthu;
- Droch-chleachtais oibriúcháin;
- Droch-ionstraimíocht agus drochrialuithe.

Ba cheart feabhas a chur ar leithscaradh dramhbhia a chur ar áireamh i sainchúram aon tionscnamh tráchtála um dhramhbhia a chosc agus a thomhas amach anseo. Ní bheidh tionscnaimh dá leithéid lánéifeachtach mura gcuirtear feabhas ar na caighdeáin reatha maidir le scaradh dramhbhia i ngnólachtaí Éireannacha.

## Bialanna agus Seirbhísí Bia

Bíonn ag méadú ar an líon béilí a thomhlaíonn Éireannaigh taobh amuigh den teach den chuid is mó. Mar thoradh air sin, tá seirbhísí bia (lena n-áirítear óstáin, ceaintíní san ionad oibre, tithe tábhairne, bialanna, etc.) ag éirí ina n-earnáil níos tábhachtaí fós maidir le cosc ar dhramhbhia in Éirinn.

Is iondúil gur leo seo a leanas a bhaineann na príomhfhoinsí agus na saincheisteanna príomha atá bainteach le dramhbhia san earnáil sin:

- Stoc atá neamhúsáidte, as dáta agus damáistithe;
- Bia nach n-itheann custaiméirí;
- Bia a ullmhaítear ach nach ndáiltear;
- Dramhaíl ullmhúcháin;
- Bia atá cócaráilte/ullmhaithe go míchuí.
- Sciartha móra;
- Ró-ordú ag custaiméirí;
- Fadhbanna le rialú stoic as a dtagann milleadh;
- Ró-ordú ag foireann na cistine (e.g., ordú ar eagla na heagla);
- Drochphleanáil roghchláir;
- Stóráil mhíchuí;
- Easpa cumarsáide go hinmheánach agus le custaiméirí;
- Droch-chleachtais ullmhúcháin;
- Roinnt méideanna dramhbhia a bheith á gcur isteach san araid iarmhar in ionad na haraide athchúrsála dramhaíola orgánaí.

## Táirgeadh Príomhúil

Cuid mhór de gheilleagar na hÉireann is ea táirgeadh príomhúil bia, lena n-áirítear feirmeoireacht agus iascaireacht. Cosúil le go leor tíortha eile ar domhan, is beag sonraí cainníochtaithe atá ann maidir leis na leibhéil dramhaíola a ghintear sna hearnálacha sin. Cé gur earnáil an-éagsúil í táirgeadh príomhúil bia, áirítear na nithe seo a leanas leis na príomhthosca a bhrúnn dramhbhia chun cinn:

- Sonraíochtaí táirge (e.g., méid, caighdeáin chosmaideacha);
- Easpa rochtana ar shaoráidí margaidh nó próiseála;
- Luaineacht praghais mar thoradh ar an bpraghas tráchtearra a bheith ró-íseal chun costas na bainte a chlúdach;
- Baint roimh am nó baint mhoillithe;
- Dálaí drochaimsire;
- Táirge atá damáiste nó ar chaighdeán íseal;
- Bia atá buailte ag lotnaidí, ainmhithe nó galar;
- Easpa saoráidí stórála, lena n-áirítear easpa stórála fuaire;
- Milleadh mar gheall ar stóráil, cóireáil agus láimhseáil atá míchuí;
- An teicníc bainte.

## Miondíol agus dáileadh eile bia

Is iad an earnáil dáileacháin agus an earnáil miondíola na hearnálacha laistigh den chóras bia a nascann táirgeadh agus próiseáil bia leis an úsáid deiridh. Mar gheall air sin, bíonn tionchar ag dáileadh agus miondíol ar an gcóras iomlán, go réamhtheachtach agus go hiartheachtach.

Seo a leanas cuid de na príomhchineálacha dramhbhia ag céim an dáileacháin agus céim an mhiondíola:

- Táirge athghairthe;
- Bia damáistithe;
- Milleadh;
- Stoc nár díoladh, e.g., stoc promóisin/séasúrach;
- Táirge gearrdhátaithe.

Chun dramhaíl san earnáil dáileacháin agus san earnáil miondíola a laghdú, ní mór na cúiseanna sonracha a chuireann le giniúint dramhbhia a shainaithint. Bíonn cúiseanna éagsúla léi ach is iad seo a leanas roinnt de na cúiseanna is coitianta:

- Saincheisteanna seachadta (e.g., moilleanna agus seachadtaí rómhóra);
- Athsholáthar tráthrialta stoic, rud a fhágann go roghnóidh tomhaltóirí na táirgí is déanaí;
- Droch-réamhaisnéisiú éilimh;
- Córas le haghaidh bronnadh bia a bheith in easnamh.



www.gov.ie